

Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS
AIRGEADAIS DON
BLIAIN DAR CRÍOCH
30 MEÁN FOMHAIR 2025



An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service



CLÁR ÁBHAIR

LEATHANACH

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS FAISNÉIS EILE	4 - 5
FAISNÉIS CHÚLRA	6
BUAICPHOINTÍ CHISTÍ NA gCÚIRTEANNA 2025	7
RÉAMHRÁ Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE INFHEISTÍOCHTA	8 - 9
COISTE INFHEISTÍOCHTA	10
TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS	11 - 25
RÓL OIFIG NA gCOIMIRCI THE CÚIRTE	26 - 27
TUARASCÁIL AN BHAINISTEORA INFHEISTÍOCHTA	28 - 33
RÁITEAS UM FHREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA	34 - 35
TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH	36 - 38
RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS	39
RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH	40
RÁITEAS AR ATHRUITHE AR GHLANSÓCMHAINNÍ	41
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	42 - 58
FAISNÉIS FHORLÍONTACH	59
CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE	60 - 62
CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA	63 - 65
CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE	66 - 68

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS FAISNÉIS EILE

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA

An Breitheamh David Barniville, Uachtarán na hArd-Chúirte
An Breitheamh David Nolan, An Chúirt Achomhairc
An Breitheamh John Martin, An Chúirt Chuarda
An Breitheamh Fiona Lydon, An Chúirt Dúiche
John Cleere, Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais agus an Rúnaí Cúnta, Seirbhísí Corparáideacha
Alice White, An Cláraitheoir, Oifig na gCoimircithe Cúirte
Barbara Harte, Ceannasaí na gCistí Cúirte
Sean Quigley, Cuntasóir Cairte, Comhalta Neamhspleách
Rebekah Brady, Comhalta Neamhspleách, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
David B. Deasy, Cuntasóir Cairte, Comhalta Neamhspleách
Alan Haugh, Comhalta Neamhspleách

OIFIG CHLÁRAITHE

Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais
Teach an Fhionnuisce
15 - 24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7
Éire

BAINISTEOIR INFHEISTÍOCHTA

State Street Investment Management
78 Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2
Éire

IONTAOBHAÍ

Northern Trust Fiduciary Services (Ireland) Limited
Cúirt Sheoirse
54 - 62 Sráid Chnoc na Lobhar
Baile Átha Cliath 2
Éire

RIARTHÓIR, CLÁRAITHEOIR AGUS GNÍOMHAIRE AISTRITHE

Northern Trust International Fund Administration
Services (Ireland) Limited
Cúirt Sheoirse
54 - 62 Sráid Chnoc na Lobhar
Baile Átha Cliath 2
Éire

COMHAIRLEOIR INFHEISTÍOCHTA

Mercer Ireland
Charlotte House
Sráid Charlemont
Baile Átha Cliath 2
Éire

COMHAIRLEOIRÍ DLÍ

Mason Hayes & Curran
Teach an Bhruaigh Theas,
Sráid na Bearú,
Baile Átha Cliath 4
Éire

INIÚCHÓIRÍ

Forvis Mazars
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Ionad Fhearchair
Bloc 3, Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
Éire

FAISNÉIS CHÚLRA

Na Cúirteanna agus Cistí na Cúirte

Tá ról caomhnóireachta ag na Cúirteanna i ndáil le cistí a thaisctear sa chúirt de bhun Orduithe Cúirte nó chun ceanglais reachtacha a chomhlíonadh. Is mar seo a leanas an reachtaíocht phríomha agus an fhoreachtaíocht lena rialaítear fáil, bainistiú agus infheistiú na gcistí rialaithe ag an gCúirt:

- An tAcht Oifigh Cúirte 1926
- An tAcht Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) 1958 agus na hOrduithe Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) a rinneadh faoina bhun.
- Rialacha na nUaschúirteanna
- Rialacha na Cúirte Cuarda
- Rialacha na Cúirte Dúiche

Áirítear ar na catagóirí cistí atá i seilbh na gCúirteanna, go príomha:

- (a) Coimircithe Cúirte: déantar cistí na ndaoine a thógtar faoi Choimircíocht a thaisceadh sa Chúirt.
- (b) Mionaoisigh: na dámhachtainí airgeadais a dhéanann na Cúirteanna do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois; taiscfear a ndámhachtain sa Chúirt go dtí go sroicheann siad lán-aois. Is féidir mionaoiseach a ainmniú ina Choimirce Cúirte sa chás go meastar go bhfuil réimeas cúraim fhadtéarmach de dhíth.
- (c) Taiscí ag Páirtithe in Imeachtaí Cúirte: is féidir le páirtí in imeachtaí cúirte sibhialta airgead a thaisceadh sa chúirt d'fhonn éileamh páirtí éigin eile leis na himeachtaí a shásamh.

Áirítear leis na cistí eile i seilbh na Cúirte:

- Cistí arna dtaisceadh ag Ceardchumainn, Cuideachtaí Árachais agus Ceantálaithe
- Cúrsaí iontaobhaithe (fáltais ó iontaobhais a thaisctear sa Chúirt)
- Díbhinní gan éileamh i leachtú Cuideachtaí
- Taiscí faoin Land Clauses Act 1845
- Taiscí arna dtaisceadh ag an mBord um Shásamh i leith Foras Cónaithe
- Fáltais ó cheannach éigeantach talún i gcás nach eol an tairbhí

Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais


Bunaíodh Oifig an Chuntasóra agus post Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais (an “Cuntasóir”) go gairid tar éis bhunú an Stáit, faoin Acht Oifigh Cúirte 1926. Forordaítear san Acht go gcomhlíonfadh an Cuntasóir na feidhmeanna a bhronntar nó a shanntar dó sa reacht nó i rialail na cúirte, agus feidhmeoidh agus comhlíonfaidh sé i ndáil leis an Ardchúirt, leis an Chúirt Uachtarach agus leis an Phríomh-Bhreitheamh gach dualgas agus feidhm agus a feidhmíodh agus a comhlíonadh roimhe seo ag Ardchuntasóir na Cúirte Uachtaraí Breithiúnachta in Éirinn i ndáil leis an gCúirt úd agus i ndáil leis an Ard-Seansailéir d'Éirinn. Faoi láthair, tá an Cuntasóir freagrach as bainistiú agus infheistíocht cistí ar fiú €2.446 billiún iad amhail an 30 Meán Fómhair 2025 (€2.499 billiún amhail an 30 Meán Fómhair 2024).

Is ionann na cistí arna bhainistiú ag an Chuntasóir agus na cistí i seilbh nó faoi rialail na gCúirteanna, agus bainistítear iad i gcáil mhuiníneach thar ceann na dtairbhíthe, lena n-áirítear catagóirí éagsúla dlíthithe, daoine is Coimircithe Cúirte agus Mionaoiseacha dá ndámhfhadh damáistí ag na Cúirteanna. Ní foláir na cistí faoi rialail na gCúirteanna a infheistiú de réir an dlí i gcomhréir leis an Acht Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) 1958 agus leis na horduithe a dhéantar faoina bhun sin agus le rialacha na cúirte.

Buaicphointí Chistí na gCúirteanna 2025



An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service



RÉAMHRÁ Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE INFHEISTÍOCHTA

Is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil seo agus Ráitis Airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais a chur faoi bhur mbráid i ndáil leis an mbliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2025.

Sa bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2025, ba é luach iomlán na gcistí arna mbainistiú ag Oifig an Chuntasóra ná €2.446 billiún (2024: €2.499 billiún), arbh ionann iad agus laghdú €52.8 milliún (2.1%) i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe sin. D'eascair an laghdú ar luach na gcistí a bhainistítear thar an mbliain airgeadais is déanaí ó mhéadú €65.8 milliún a bhaineann le feidhmíocht infheistíochta agus laghdú ar idirbhearta caipitil de €118.5 milliún.

In ainneoin luaineacht na luathbhlianta, ba bhliain thairbheach í 2025 do thairbhíthe agus ghin na 5 chiste go léir torthaí dearfacha (comhlán na dtáillí) go deireadh na bliana airgeadais idir 2.72% don Chiste Bannaí Airgid & Gearrthéarmach agus 4.35% don Chiste Éagsúlaithe Measartha.

Chuir margai airgeadais domhanda torthaí dearfacha go ginearálta suas in 2025, le tacaíocht ó bhoilsciú a mhaolú, beartas airgeadaíochta níos scaoilte, agus fás eacnamaíoch athléimneach. Cé go raibh roinnt luaineachta sna margai go luath sa bhliain, chabhraigh feabhas a chur ar choinníollacha eacnamaíocha agus tuilleamh corparáideach níos láidre le sócmhainní riosca a bhrú níos airde de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh. Lean an boilsciú ag maolú ar fud na ngeilleagair is airde, le boilsciú limistéar an Euro gar do sprioc 2% an BCE ar feadh cuid mhór den bhliain, le cabhair ó phraghsanna fuinnimh cobhsaí agus slabhraí soláthair a fheabhsú. Sna Stáit Aontaithe, bhrúigh ionchais ciorruithe ar rátaí an Chúlchiste Feidearálach torthaí níos ísle uaireanta, agus ba chúis le sonraí boilscithe neamhchinnte luaineacht an chuir toraidh. Sheachaid margai cothromais domhanda gnóthachain soladacha, faoi stiúir na teicneolaíochta agus stoic a bhaineann le AI. Thairfead cothromais Eorpacha torthaí measartha ach dearfacha, rud a léirigh fás níos moille ach ag feabhsú muinín infheisteoirí de réir mar a mhaolaigh coinníollacha airgeadaíochta.

Tháinig an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 (Acht 2015) i bhfeidhm i mí Aibreáin 2023 agus thosaigh an tSeirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta (DSS) ag glacadh le hiarratais ón dáta sin. Lean Coiste Infheistíochta na Seirbhíse Cúirteanna agus ár gcomhairleoirí infheistíochta, Mercer Ireland, ag teacht le chéile i rith na bliana chun monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag an Acht ar na socruithe infheistíochta do Choimircithe Cúirte. Ó dháta thosach feidhme na gcodanna iomchuí den Acht, níor glacadh le haon iarratais nua ar choimircíocht d'aoisigh in Oifig na gCoimircithe Cúirte (i.e., daoine os cionn 18 mbliana d'aois) agus ní mór gach coimircí lánfhásta a scaoileadh ó choimircíocht laistigh de 3 bliana le hordú Cúirte. De réir Rialacha na Cúirte Uachtaraí éilíonn sí go ndéanfaí gach ábhar coimircíochta fiú i gcás nár comhdaíodh iarratas ar urscaoileadh, a liostú sa Chúirt faoin 26 Deireadh Fómhair 2025 agus gur éirigh le hOifig na Coimircithe Cúirte agus Oifig an Ard-Aturnae an spriocdháta sin a chomhlíonadh.

Cuireadh tús le hathstruchtúrú an chreata infheistíochta in 2025. Mar chuid den phróiseas seo, dúnadh an Ciste Airgid i mí an Mhárta 2025, agus aistríodh na sócmhainní go léir chuig Ciste Euribor Plus. Bhí an beart seo ina chuid riachtanach den athstruchtúrú agus táthar ag súil go gcruthóidh sé coigilteas costais do thairbhíthe. Tá mionchoigeartú cuimsitheach ar na Cistí Spectrum atá ann cheana sceidealta do 2026, a chuimsíonn catagóiríú tairbhí, raon na gcistí, cuspóirí cistí, leithdháiltí sócmhainní, agus an creat dí-riosca. Tar éis na mionchoigeartuithe sin a bheith críochnaithe, déanfar an conradh chun Seirbhísí Bainistíochta Infheistíochta a sholáthar a fhorghníomhú.

Tháinig an Coiste Infheistíochta le chéile ceithre huaire le linn na tréimhse a bhí faoi athbhreithniú. I gcomhar lena chomhairleoirí infheistíochta, Mercer Ireland, leanann an Coiste ar aghaidh ag déanamh monatóireachta gníomhach ar fheidhmíocht infheistíochta agus ag an am céanna ag cinntiú go gcomhlíontar straitéisí infheistíochta, agus oiriúnacht leanúnach na straitéisí sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Choiste Infheistíochta as a saothar crua agus as a ndúthracht i gcaitheamh na bliana. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a chur in iúl d'fhoireann Oifig an Chuntasóra. Tá fíorluach ar a dtiomantas eisceachtúil agus ar a bhfócas comhsheasmhach ar leasanna na dtairbhíthe go léir a chosaint.



David Barniville
Uachtarán na hArd-Chúirte
Cathaoirleach an Choiste Infheistíochta

16 Feabhra 2026

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA

Cuimsítear leis an gCoiste Infheistíochta Breithiúna, Oifigigh Chúirte, Oifigigh na Seirbhíse Cúirteanna agus comhaltaí sheachtracha neamhspleácha. Is é Uachtarán na hArd-Chúirte atá ina chathaoirleach ar an gCoiste. Is é an ról comhairleach atá aige, agus is í an phríomhfheidhm atá aige ná beartas infheistíochta a cheapadh chun Cistí Cúirte a infheistiú bunaithe ar chomhairle ónár gcomhairleoirí infheistíochta neamhspleácha, maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm straitéisí infheistíochta, agus comhlíonadh an dea-chleachtais a chinntiú i mbainistiú Cistí Cúirte.

Tagann an Coiste le chéile ar bhonn rialta, agus tháinig sé le chéile ceithre huaire i rith na bliana go 30 Meán Fómhair 2025. Bhí comhaltas amhail ar an 30 Meán Fómhair 2025 comhdhéanta de na daoine aonair seo a leanas (ach amháin nuair a thugtar faoi deara):

An Breitheamh David Barniville, Uachtarán na hArd-Chúirte, Cathaoirleach

An Breitheamh David Nolan, Ard-Chúirt (ceaptha 11 Márta 2025)

An Breitheamh John Martin, An Chúirt Chuarda (ceaptha 11 Márta 2025)

An Breitheamh Fiona Lydon, An Chúirt Dúiche

An tUasal John Cleere, Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais agus Rúnaí Cúnta, Seirbhísí Corparáideacha

An tUasal Alice White, Cláraitheoir, Oifig na gCoimircithe Cúirte

An tUasal Denise Mullins, Ceannasaí na gCistí Cúirteanna, An tSeirbhís Chúirteanna

An tUasal Sean Quigley, Cuntasóir Cairte, Comhalta Neamhspleách

An tUasal David B. Deasy, Cuntasóir Cairte, Comhalta Neamhspleách

An tUasal Rebekah Brady, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (ceaptha 11 Márta 2025)

An tUasal Alan Haugh, Comhalta Neamhspleách (ceaptha 16 Meán Fómhair 2025)

Olivier Santamaria agus Orla Aherne, ionadaithe Mercer Ireland, a bhí i láthair ag an ceithre chruinniú de chuid an Choiste Infheistíochta le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú. Freastalaíonn ionadaithe ó State Street Investment Management (SSIM) ar an gcuid ábhartha de na cruinnithe seo freisin

TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

Is í an tSeirbhís Chúirteanna, i gcomhréir leis an Acht um Sheirbhís Chúirteanna 1998, atá freagrach as bainistiú agus riarachán na gCúirteanna agus as soláthar na seirbhísí tacaíochta do na breithiúna. Is sa cháil sin atá ról ag an tSeirbhís Chúirteanna maidir le bainistiú agus infheistiú chistí na Cúirte, a choinnítear ar iontaobhas ag na Cúirteanna. Infheistítear na cistí sin i gcomhréir le forálacha san Acht iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 1958 agus le horduithe ina dhiaidh sin.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2025, bhí Oifig an Chuntasóra ag bainistiú €2.446 billiún i gcáil mhuiníneach (2024: €2.499 billiún) thar ceann 20,337 thairbhí. Is daoine a fógraíodh mar choimircí cúirte iad 2,455 de na tairbhithe sin (2024: 2,718) le cistí de luach €1.844 billiún amhail an 30 Meán Fómhair 2025 (2024: €1.921 billiún). Tá 16,419 eile acu ina mionaoiseacha (2024: 17,240) le cistí de luach €351 milliún (2024: €370 milliún). Baineann na cinn eile le cásanna ar feitheamh orduithe cúirte breise, cásanna don bhord um shásamh i leith foras cónaithe agus taiscí le cineálacha de chásanna cosanta den chuid is mó. Déantar anailísiú breise ar na cistí iomlána arna bhainistiú de €2.446 billiún idir na trí dhlínse chúirte i d**Tábla 1** thíos.

Tá an laghdú €52.8 milliún ar luach iomlán na gcistí inchurtha i leith glanmhéadú €118.5 mhilliún ó ghlan-idirbhearta caipitil (s.e. glanfháltais bharrachais thar eisíocaíochtaí) don bhliain agus laghdú €65.8 milliún ar fheidhmíocht infheistíochta.

Tábla 1: Glan-Sócmhainní iomlána arna mBainistiú, de réir Dlíinse amhail 30 Meán Fómhair 2025

Dlíinse	Glansócmhainní € amhail 30/09/2024		%	Glansócmhainní € amhail 30/09/2025		%	% Méadú / (Laghdú) ar Ghlansócmhainní
An Ard-Chúirt	2,275,571,196	91.0%		2,229,031,748	91.1%		+0.1%
An Chúirt Chuarda	186,930,664	7.5%		180,114,030	7.4%		-0.1%
An Chúirt Dúiche	36,715,121	1.5%		37,310,258	1.5%		0.0%
Iomlán	<u>€2,499,216,981</u>	<u>100%</u>		<u>€2,446,456,036</u>	<u>100%</u>		

Cuntasacht Phoiblí

Tá cistí na gCúirteanna atá faoi bhainistiú ag Oifig an Chuntasóra faoi rialú na gcúirteanna agus na mbreithiúna. Ní cistí poiblí iad sin agus i gcomhréir le reachtaíocht lena rialaítear ról an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC&C) níl siad faoi réir ag iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Úsáideann an tSeirbhís Cúirteanna roinnt sásraí chun follasacht agus cuntasacht a thaispeáint maidir le bainistíocht chistí na gcúirteanna. Ar cheann de na cinn is tábhachtaí acu tá foilsiú na ráiteas airgeadais seo, a ndéanann ár n-iniúcháir reatha, Forvis Mazars iniúchadh neamhspleách orthu. Tá soláthar tuarascála iniúchta neamhspleách ríthábhachtach maidir le dearbhú a sholáthar do gach duine a bhfuil cistí acu faoi chosaint na gcúirteanna.

Agus í ag iarraidh trédhearcacht agus cuntasacht a léiriú tuilleadh, chuaigh an tSeirbhís Chúirteanna i dteagmháil le Coistí Oireachtais amhail an Coiste um Chuntais Phoiblí, an Coiste Dlí agus Cirt agus Teachtaí Dála agus tá sí fós ar fáil chun é sin a dhéanamh.

Prótacal Infheistíochta

I rith na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2025, lean an tSeirbhís Chúirteanna ag infheistiú gach ciste, a bhfuil freagracht uirthi ina leith, ar bhonn stuama. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le cén áit agus conas cistí cúirte a infheistiú, is é an cuspóir sáraitheach toradh airgeadais iomlán barrmhaith a bhaint amach ag féachaint don ghá atá le leachtacht agus slándáil chaipitil, agus ceanglais giniúna ioncaim agus fáis chaipitil á gcur san áireamh i gcás inarb iomchuí. Bhí feidhmíocht na gcistí go léir i rith na bliana ag teacht leis na hionchais.

Tá freagracht deiridh ar an gCúirt agus ar an mBreitheamh as cistí cúirte, agus (a) cinneann siad méid an chúitimh a dhámhtar in aon chás, agus (b) le tacaíocht ón tSeirbhís Chúirteanna a chinneadh conas a dhéanfar na cistí in aon chás a infheistiú. Ní féidir le hOifigigh Cúirte agus le daoine eile infheistíocht a dhéanamh ach amháin i gcás ina n-ordaítear le hOrdú Cúirte nó le reachtaíocht dóibh déanamh amhlaidh. Agus ordú á cheapadh, braitheann Breithiúna ar an tacaíocht a sholáthraíonn an tSeirbhís Chúirteanna faoin Acht um Sheirbhís Chúirteanna 1998, chun a chinntiú go mbainistítear agus go n-infheistítear cistí na gcúirteanna go hiomchuí. Áirítear leis sin comhairleoirí infheistíochta neamhspleácha a fhostú chun comhairle a thabhairt maidir le straitéisí infheistíochta iomchuí, lena n-áirítear meascán sócmhainní na straitéisí sin, do gach tairbhí cúirte. Infheistítear na cistí seo i gcomhréir le forálacha an Achta lontaobhaithe 1958 (Infheistíochtaí Údaraithe) agus le horduithe ina dhiaidh sin. Tá na cistí ina ndéantar cistí na gcúirteanna a infheistiú údaraithe ag Banc Ceannais na hÉireann de bhun fhorálacha an Achta um lontaobhais Aonad 1990.

Tháinig an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 (An tAcht 2015) i bhfeidhm i mí Aibreáin 2023. Forálann foráil an Achta do gach coimircí aosach a urscaoileadh ó Choimircíocht thar thréimhse trí bliana ó dháta thosach feidhme an Achta. De bhun an Achta, agus mar chuid de na bearta a cuireadh i bhfeidhm, ciallóidh a thosach feidhme, nuair a bheidh Mionaoisigh Coimirce 18 mbliana d'aois, go urscaoilfear amach as an gCoimircíocht iad freisin. Mar thoradh ar thosach feidhme Chuid VI den Acht urscaoilfear líon suntasach tairbhíthe ón gCoimircíocht.

Leagtar amach i d**Tábla 2** an réimse straitéisí infheistíochta arna úsáid ag an tSeirbhís Chúirteanna maidir le gach catagóir de thairbhíthe in éineacht leis an ionchas ama don infheistíocht. Tá na straitéisí seo deartha chun riachtanais éagsúla na dtairbhíthe go léir a léiriú agus meastar gur straitéisí infheistíochta iomchuí iad don thréimhse ama a bhfuiltear ag súil leis a shealbhófar na cistí sa Chúirt.

Tá cuspóirí infheistíochta gach Straitéise leagtha amach ar leathanaigh 19 – 21 den tuarascáil seo.

Tábla 2: Prótacal Infheistiúchta na Seirbhíse Cúirteanna d'Infheistiú gach ciste ar an 30 Meán Fómhair 2025

Straitéis Spectrum SSIM	Ionchas Ama na gCistí i seilbh na Cúirte	Aicme an Tairbhí
Ciste Airgid*	Cuspóir Caomhnaithe Caipitil le hionchas ama neamhaithnid nó le hionchas ama níos lú ná 3 mhí.	- Mionaoisigh atá 17¼ bliain d'aois nó níos sine, - Ilghnéitheach.
Ciste Euribor Plus	Cuspóir um Chaomhnú Caipitil le hionchas ama idir 3 mhí - 3 bliana.	- Mionaoisigh 15 bliana d'aois nó níos sine ach níos lú ná 17¼ mbliana d'aois, - Cásanna ar Feitheimh Ordú Cúirte Breise, - Coimircithe Éagtha agus Coimircithe faoi bhun 5 bliana, - Mionaoisigh Coimirce faoi bhun 5 bliana, - Tiomnachtaí Carthanúla, srl. - D'infheistigh Coimircithe agus Mionaoisigh Coimirce roimhe seo sa Chiste Comhardaithe Measartha, sa Chiste Éagsúlaithe agus sna Cistí Éagsúlaithe Measartha tagair ADM ***
Ciste Airgid Tirim & Bannaí Gearrthéarmacha	Idir 3 - 5 bliana.	- Mionaoisigh a bhfuil ionchas ama 3-5 bliana acu, - Mionaoisigh Coimirce ag a bhfuil ionchas ama níos lú ná 5 bliana acu, - Coimircithe & Mionaoisigh Coimirce le hionchas ama thar thréimhse 5 bliana le níos lú ná €100,000.
Ciste Comhardaithe Measartha lena n-áirítear Fál Airgeadra	Idir 5 - 8 mbliana.	- Mionaoisigh d'aois 10 mbliana agus os a cionn ach níos óige ná 13 bliana d'aois. - Coimircithe Cúirte le (a) ionchas ama de > 5 bliana agus > €100k (b) níos mó ná 18 mí chun urscaoileadh (c) Mionaoisigh Coimirce idir 18 mí agus 8 mbliana lena urscaoileadh. Tagair ADM***
Ciste Éagsúlaithe Lena n-áirítear Forleagan um Thruicir Sprioc-Luaineachta (TSL)** agus Fálú Airgeadra	Níos mó ná 8 mbliana	- Mionaoisigh faoi bhun 10 mbliana d'aois. - Coimircithe Mionaoisigh (a) faoi bhun 13 bliana d'aois agus > 100k (b) Coimircithe Mionaoisigh ag leanúint ar aghaidh go dtí Coimircíocht agus (c) Coimircithe Mionaoisigh le > 8 mbliana le hurscaoileadh. Tagair ADM***

Tábla 2: Prótacal Infheistiúchta na Seirbhíse Cúirteanna d'Infheistiú gach ciste amhail 30 Meán Fómhair 2025 (ar lean)

Straitéis Spectrum SSIM	Tréimhse Ionchasach na gCistí arna thionól sa chúirt	Aicme an Tairbhí
Ciste Éagsúlaithe Measartha	Maidir le cásanna Coimircithe Cúirte nuair a cinneadh an dámhachtain agus ráta toraidh níos ísle á úsáid arna bhunú sa bhreithiúnas Russell v FSS.	Coimircithe a fuair dámhachtain cúirte tar éis gortú tubaisteach (bunaithe ar an bhfasach a leagadh síos i mbreithiúnas Russell v HSE)

- * Tháinig deireadh leis an gCiste Airgid ó Mhárta 2025 agus nuair a bhí na cistí go léir a bhí sa chiste seo roimhe seo aistríodh go Ciste Euribor Plus é.
- ** Déanann straitéis um Thruicir Sprioc-Luaineachta (TSL) SSIM coigeartú dinimiciúil ar an nochtadh do chothromais laistigh de phunann chun díriú ar leibhéal sonrach riosca punainne. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é aidhm na straitéise TSL cosaint a thabhairt i gcoinne titim an-mhór ar mhargaí cothromais agus ní chosnóidh sé ar gach meath sa mhargadh. Ní chuirfear deireadh le gnáth luaineacht na margaí ach d'fhéachfadh sé le cosaint a thabhairt i gcoinne na dtiteann tubaisteach a d'fhéadfadh tionchar diúltach fadtéarmach a bheith acu ar chistí tairbhíthe.
- *** ADM – Tagraíonn do dhí-riosca céimnithe Coimircithe agus Coimircithe Mionaoisigh mar thoradh ar An tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 (An tAcht 2015) agus roimh iad a n-urscaoileadh.

Straitéis Truicear Sprioc-Luaineachta (TSL) SSIM

Tháinig Straitéis Truicear Sprioc-Luaineachta (TSL) SSIM i bhfeidhm i mí Aibreáin 2015. Le straitéis TSL táthar ag iarraidh cur chuige bunaithe ar rialacha a úsáid chun an riosca i leith punainne a laghdú de réir mar a mhéadaítear luaineacht an mhargaidh cothromais d'fhonn leibhéal na luaineachta mar thoradh ar ghluaiseachtaí suntasacha i margaí cothromais a mhaolú. Is próiseas trédhearcach é TSL a bhfuil sé mar aidhm aige tomhas cosanta a sholáthar i gcoinne laghdaithe suntasacha i margaí cothromais. Déanann TSL luaineacht cothromais a thuar agus déanann sé an nochtadh cothromais laistigh den Chiste Éagsúlaithe Spectrum a choigeartú go dinimiciúil i dtréimhsí luaineachta ardaithe, rud a thairgeann gné chosanta do shealbhóirí aonaid.

Feidhmíonn Straitéis TSL SSIM chun an leithdháileadh ar chothromais a laghdú ag amanna luaineachta sa mhargadh, agus mar sin cuireann sí méid áirithe cosanta ar fáil do thairbhíthe agus ag an am céanna a chinntiú go bhféadfadh siad fós leas a bhaint as gnóthachain ar chothromais, de réir mar a thagann siad chucu féin. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é aidhm na straitéise TSL cosaint a thabhairt i gcoinne titim an-mhór ar mhargaí cothromais agus ní chosnóidh sé ar gach meath sa mhargadh. Ní dhíothófar gnáth-thuille agus trá na margaí, ach féachtar léi chun cosaint i gcoinne titimí tubaisteacha óna bhféadann tionchar diúltach marthanach teacht ar chistí na dtairbhíthe. Ba é ceann de na tairbhí ba shuntasá a bhain le húsáid TSL do thairbhíthe chistí na gcúirteanna ná an laghdú i luaineacht an dá chiste. Is ionann an costas maidir le hoibriú TLS agus 2.7bps breise don Chiste Éagsúlaithe Spectrum.


Forleagan Fálaithe Airgeadra SSIM

Cuireadh forleagan fálaithe airgeadra i bhfeidhm i mí na Samhna 2016 ar Chiste Comhardaithe Measartha Spectrum SSIM agus ar Chiste Éagsúlaithe Spectrum SSIM araon. Tá sé mar aidhm aige cosaint a thabhairt i gcoinne luaineachtaí suntasacha airgeadra. Leis an straitéis déantar iarracht 75% den neamhchosaint cothromais neamh-Euro a fhálú atá i seilbh Chistí SSIM Spectrum trí Chiste Cothromais Innéacs ex Euro Domhanda SSIM GRU d'fhonn cosaint ar luaineachtaí airgeadra suntasacha. Is é costas an fhálaithe 0.075% agus 0.24% ar Chistí Cothromaithe agus Éagsúlaithe Spectrum SSIM faoi seach. Cistí Measartha Cothromaithe agus Éagsúlaithe faoi seach.

Straitéisí Infheistíochta SSIM

Amhail ar an 30 Meán Fómhair 2025 de bhreis ar €2.390 billiún nó 98% de chistí iomlána Oifig an Chuntasóra atá faoi bhainistíocht, infheistíodh iad i Straitéisí Infheistíochta SSIM (2024: €2.446 billiún nó 98%). Léirítear anailís ar na cistí seo ag na Straitéisí Spectrum bunúsacha aonair i dTábla 3 thíos, a léiríonn bearta dí-riosca a glacadh mar ullmhúchán don Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 (An tAcht 2015).

Tábla 3: Céatadán Leithdháileadh Chistí Cúirte le gach straitéis Infheistíochta SSIM amhail 30 Meán Fómhair 2025



Is féidir anailís bhreise a dhéanamh ar an méid iomlán de €2.390 billiún a infheistíodh sna cistí aonadaithe idir an Ard-Chúirt (€2.178 billiún), na Cúirteanna Cuarda (€175 mhilliún) agus na Cúirteanna Dúiche (€37 mhilliún) faoi mar atá léirithe i dTábla 4 thíos.

Tábla 4: Cistí arna nInfheistiú sna Straitéisí Infheistíochta SSIM, Cistí Aonadaithe de réir Dhlínse Cúirte amhail 30 Meán Fómhair 2025

Dlínse	Infheistíochtaí sna Straitéisí SSGA		Infheistíochtaí i Straitéisí SSIM € amhail 30/09/2025		% Méadaithe (nó Laghdaithe) sna Cistí Infheistithe in Infheistíochtaí SSIM
	€ ag 30/09/2024	%		%	
An Ard-Chúirt	2,227,199,949	91.0%	2,178,473,856	91.2%	+0.2%
An Chúirt Cuarda	182,274,771	7.5%	175,248,235	7.3%	-0.2%
An Chúirt Dúiche	36,153,194	1.5%	36,689,371	1.5%	0.0%
Iomlán	2,445,627,914	100%	2,390,411,462	100%	

Ar an iomlán, tháinig laghdú 2.3% ar luach na gCistí Cúirte a infheistíodh i Straitéisí Infheistíochta SSIM sa tréimhse a bhí faoi athbhreithniú.

Léirítear i dTábla 5 spriocmheascán chomhdhéanamh na sócmhainní ina ndéantar infheistíocht le gach straitéis. Déantar gach ciste a athchothromú ar bhonn ráithiúil de réir na meáchan tagarmhairc a léirítear thíos, cé is moite den leithdháileadh cothromais, sna Cistí Éagsúlaithe agus Fáis SSIM Spectrum, a athchothromaítear chuig an seasamh TSL ag deireadh na ráithe. Rinneadh naoi gcoigeartú um Thruicir Sprioc-Luaineachta (TSL) ar gach ualú cothromais maidir leis an straitéis Éagsúlaithe Spectrum le linn na bliana airgeadais faoi athbhreithniú. Tharla siad seo ar an 9 Deireadh Fómhair, 30 Deireadh Fómhair, 13 Samhain, 18 Nollaig 2024, 19 Márta, 9 Aibreán, 2 Iúil, 30 Iúil agus 3 Meán Fómhair 2025. Ba é an toradh ar an gceann deireanach ná an meascán comhdhéanamh do na straitéisí uile a chur ar ais ag a n-ualuithe bunaidh.

Tábla 5: Sprioc-Mheascán Chomhdhéanamh na Straitéisí Infheistíochta ó bunaíodh iad agus amhail an 30 Meán Fómhair 2025


Ciste SSIM Spectrum	Ciste Euribor Plus	Ciste Airgid & Bannaí Gearrthéarmacha	Ciste Comhardaithe Measartha	Ciste Éagsúlaithe (roimh TLS)**	Ciste Éagsúlaithe Measartha
Ciste Euribor Plus SSIM GRU*	100%	70%	70%	50%	55%
Ciste Innéacs Bannaí GRU* SSIM		30%	23%	27.5%	
Ciste Cothromais Innéacs Euro GRU* SSIM & Ciste Cothromais Innéacs Domhanda ex Euro GRU SSIM			7%	22.5%	10%
Straitéis Malartach Éagsúlaithe SSIM					15%
Ciste Innéacs Bannaí Corparáideacha Comhlán Euro SSIM					20%
Iomlán	100%	100%	100%	100%	100%

* Ollchuachta (GRU)
** Rinneadh an TLS a thruicear naoi n-uaire i rith na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2025.

Oibríonn an tSeirbhís Chúirteanna cur chuige stuama maidir le hinfheistiú Chistí Cúirte. Faoi láthair déantar cuid shuntasach de Chistí uile na Cúirte, lena n-áirítear airgead atá i dtaisce, a infheistiú go díreach in airgead tirim nó in infheistíochtaí gar-airgid. Iomlán de €2.053 milliún (2024: €2.147 billiún nó 85.9% (2024: 87.8%) de chistí a infheistítear i straitéisí infheistíochta SSIM, sealbhaítear iad i sócmhainní airgeadbhunaithe. Is toradh díreach é an méadú ar shócmhainní airgeadbhunaithe ar na bearta dí-riosca a glacadh roimh thosach feidhme an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 (Acht 2015). Iomlán de €336.2 milliún (2024: €297.9 milliún) nó 14.1% (2024: 12.2%) is ionann iad agus cothromais infheistithe, bannaí corparáideacha agus roghanna malartacha éagsúlaithe.

Tá anailís mhionsonraithe ar na bun-aicmí sócmhainní ina n-infheistítear cistí SSIM léirithe i dTábla 6 thíos.

Tábla 6: Leithdháileadh Bun-Aicme Sócmhainní SSIM maidir le Cistí Cúirte amhail 30 Meán Fómhair 2025



Feidhmíocht Infheistíochta

Lean an Coiste Infheistíochta leis an gcur chuige stuama agus réamhghníomhach dá chuid maidir le hinfheistíocht Chistí na gCúirteanna i rith na bliana airgeadais faoi athbhreithniú. Baineadh é sin amach agus roinnt meicníochtaí á n-úsáid, agus measúnú rialta feidhmíochta lena gcuirtear measúnuithe ar fáil maidir le torthaí an chiste i gcomparáid lena chuspóirí agus tagarmharcanna infheistíochta san áireamh leo. Déanann an Coiste, i gcomhar lena Chomhairleoirí Infheistíochta (Mercer Ireland) agus lena Bhainisteoirí Cistí (State Street Investment Management), monatóireacht ar fheidhmíocht infheistíochta na gcistí uile agus tuairiscíonn sé ina leith ag gach cruinniú de chuid an Choiste Infheistíochta.

Baineann dhá chomhpháirt bhunúsacha le measúnú feidhmíochta mar seo a leanas:

- **Tomhas feidhmíochta:** ríomh na dtorthaí arna ngnóthú ag an gciste agus na torthaí sin a chur i gcomparáid le torthaí tagarmharcanna iomchuí, agus
- **Sannadh feidhmíochta:** sainaitheint na bhfachtóirí ba chúis le feidhmíocht an chiste i gcoibhneas leis na tagarmharcanna.

Trí na fachtóirí a thuiscint lena gcuirtear le feidhmíocht an chiste i gcoibhneas leis sin a bhaineann le tagarmharcanna iomchuí, is féidir léargais luachmhara a fháil ar éifeachtacht na straitéisí infheistíochta.

Mar a léirítear i dTábla 7 sháraigh feidhmíocht infheistíochta de ceithre straitéis as cuig a dtagarmharcanna faoi seach ar bhonn comhlán, seachas an Ciste Éagsúlaithe. Níor éirigh chomh maith céanna leis an gCiste Éagsúlaithe a thagarmharc de -1.22% mar gheall ar a bheith róthrom i gcothromas, áfach, tá treochtaí feidhmíochta do na cúig chiste eile ag teacht le tagarmharcanna infheistíochta gach straitéise.

Tábla 7: Comhlán na gCistí Speictrim in aghaidh na dTagarmharcanna don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2025


Tuairisceán Punann Spectrum SSIM	Ciste Euribor Plus	Ciste Airgid & Bannaí Gearrthéarmacha	Ciste Comhardaithe Measartha	Ciste Éagsúlaithe	Measartha Éagsúlaithe Ciste
Olltoradh 1 Bhliain	2.79%	2.72%	3.55%	4.06%	4.35%
Toradh Tagarmhairc an Chiste % 1 Bhliain	2.61%	2.58%	3.42%	5.28%	4.03%
Amach/(Faoi) Tagarmharc Feidhmithe (Bonn Olltuairisceáin)	0.18%	0.14%	0.13%	-1.22%	0.32%

Léirítear i dTábla 8 ollfheidhmíocht infheistíochta na dtáillí le haghaidh na straitéisí uile don bhliain airgeadais reatha, lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025 agus an toradh bliantúil ó bunaíodh é. Ba iad seo a leanas na holltoradh, roimh tháillí bainistíochta, coimeádaí agus riaracháin, don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2025:

Ciste Euribor Plus 2.79%, Ciste Airgid agus Banna Gearrthéarmach 2.72%, Ciste Comhardaithe Measartha 3.55%, Ciste Éagsúlaithe 4.06%, agus Ciste Éagsúlaithe Measartha 4.35%.

Tá raon na dtuairisceán bliantúil ó bunaíodh é ó 0.65% (Ciste Banna Airgid & Gearrthéarmach) go 3.28% (Ciste Éagsúlaithe). Eascraíonn na rátaí dearfacha seo go príomha as an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) a bheith ag coinneáil bunrátaí níos airde thar chuid mhór den bhliain airgeadais dar críoch 30 Meán Fómhair 2025.

Tábla 8: Cistí Spectrum SSIM Feidhmíocht Infheistíochta Bhliantúil (Olltáillí) go 30 Meán Fómhair 2025 agus Tuairisceán Bliantúil ó bunaíodh é



Struchtúr Cistí Spectrum

Cruthaíodh State Street Spectrum Unit Trust (an “tlontaobhas”), ar tugadh State Street Global Advisers Spectrum Unit Trust roimhe seo, mar iontaobhas aonad oscailte, le Gníomhas Iontaobhais dar dháta an 24 Deireadh Fómhair 2003. Faigheann an tlontaobhas údarú ó Bhanc Ceannais na hÉireann (an “Banc Ceannais”) de bhun fhorálacha an Achta um Iontaobhais Aonad, 1990. Tá an tlontaobhas struchtúrtha mar scáth-Chiste (mar atá leagtha amach i dTábla 9), ionas gur féidir Fo-Chistí éagsúla a bhunú le ceadú roimh ré ón mBanc Ceannais. Ina theannta sin is amhlaidh a fhéadann níos mó ná aicme aonaid amháin a bheith ag baint le gach Fo-Chiste. Bíonn sócmhainní gach Fo-Chiste scartha óna chéile, agus infheistítear iad i gcomhréir leis na cuspóirí agus beartais infheistíochta is infheidhmithe i leith gach Fo-Chiste.

Tá an tlontaobhas comhdhéanta d’Fho-Chistí faoi láthair (gach ‘Fo-Chiste’ nó ‘na ‘Fo-Chistí’):

Tábla 9: Dáta Seolta agus Struchtúr an Chiste Iontaobhais Aonaid Spectrum

Fo-Chiste	Dáta an tSeolta
Ciste Euribor Plus State Street Spectrum	10 Nollaig 2003
Ciste Airgid agus Banna Gearrthéarmach State Street Spectrum	10 Nollaig 2003
Ciste Éagsúlaithe State Street Spectrum	9 Deireadh Fómhair 2013
Ciste Comhardaithe Measartha State Street Spectrum	9 Deireadh Fómhair 2013
Ciste Éagsúlaithe Measartha State Street Spectrum	20 Márta, 2019

* Tháinig deireadh le Ciste Airgid State Street Spectrum i mí an Mhárta 2025 agus le gach ciste a bhí sa chiste seo á aistriú isteach i gCiste Euribor Plus

Is é an Euro an bonnairgeadra atá ag na Fo-Chistí uile.

Cuspóirí an Chiste

Ciste Euribor Plus SSIM Spectrum:

Is straitéis riosca íseal í seo atá dírithe go príomha ar thairbhíthe ar mian leo a leibhéal caipitil infheistithe a choinneáil agus a d’fhéadfadh torthaí de bhreis ar airgead tirim a fháil. Tá an Ciste dírithe go príomha ar thairbhíthe a bhfuil tréimhse ama infheistíochta idir 3 mhí agus 3 bliana acu. Tá an Ciste seo dírithe ar Mhionaoisigh atá 15 bliana d’aois nó níos sine ach níos lú ná 17%, Coimircithe Éagtha agus Coimircithe faoi 5 bliana d’aois, Mionaoisigh Coimircithe faoi 5 bliana d’aois agus, Tiomnachtaí Carthanúla i measc nithe eile. Mar thoradh ar an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 (Acht 2015) áirítear sa Chiste seo Coimircithe agus Mionaoisigh Coimircithe a dí-rioscaíodh mar chuid de na bearta a rinneadh mar ullmhúchán don dáta urscaoilte a bhfuiltear ag súil leis.

Infheistíonn an Fo-Chiste a shócmhainní go léir go substaintiúil i gCiste VNAV Caighdeán Leachtachta State Street EUR (an “Ciste EUR VNAV”). Aicmítear Ciste EUR VNAV mar Chiste Margaidh Airgid VNAV (“VNAV MMF”) mar atá sainmhínithe ag Rialacháin an CMA agus is fo-chiste é de chuid cuideachta phoiblí theoranta State Street Liquidity, UCITS a bhfuil sainchónaí air in Éirinn agus atá údaraithe ag an mBanc Ceannais. Feidhmíonn an Bainisteoir Infheistíochta freisin mar bhainisteoir infheistíochta ar Chiste EUR VNAV. Is é cuspóir infheistíochta Chiste EUR VNAV toradh de bhreis ar rátaí margaidh airgid an Euro a sholáthar, caipiteal a chaomhnú agus leibhéal réasúnta leachtachta a choinneáil. Is é an tagarmharc don Chiste Euribor Plus State Street Spectrum an t-Innéacs Bloomberg Xestron.

Ciste Airgid & Banna Gearrthéarmach Plus SSIM Spectrum :

Is é príomhchuspóir infheistíochta an Fho-Chiste ioncam a ghiniúint agus ardleibhéal rialaithe riosca a choinneáil ag an am céanna. Tá an Ciste seo dírithe ar Mhionaoisigh atá 13 bliana d'aois nó níos sine ach níos lú ná 15 bliana d'aois, Mionaoisigh Coimircithe thar 5 bliana le níos lú ná €100,000.

Tá sé seo le baint amach go príomha ag an bhFo-Chiste a infheistíonn i gCiste VNAV EUR. Féadfaidh an Fo-Chiste suas le 80% dá Ghlanluach Sócmhainní a infheistiú i gCiste EUR VNAV, suas le 50% dá Ghlanluach Sócmhainní i gCiste Innéacs Bannaí EMU GRU State Street agus suas le 20% i gCistí Rialáilte eile. Féadfaidh an Fo-Chiste a chuspóir infheistíochta a bhaint amach freisin trí suas le 10% dá Ghlanluach Sócmhainní a infheistiú i gCistí Neamhrialaithe. Is é an tagarmharc do Chiste Airgead agus Banna Gearrthéarmach State Street Spectrum comhdhéanta de 70% Innéacs Bloomberg Xestron + 30% Innéacs Banna Rialtais FTSE EMU 1-3 Bliana.

Ciste Éagsúlaithe Measartha SSIM Spectrum:

Is é príomhchuspóir an Fho-Chiste sin ná luachmhéadú caipitil a ghiniúint. Tá sé seo le gnóthú tríd na sócmhainní an Fho-chiste a infheistiú i gCiste EUR VNAV. Níl aon teorainn leis an méid a fhéadfaidh an Fo-Chiste a infheistiú i gCiste VNAV EUR, ach níltear ag súil faoi láthair go sáróidh an leithdháileadh infheistíochta 70% de ghlansócmhainní an Fho-Chiste. Féadfaidh an Fo-Chiste infheistíocht a dhéanamh freisin i gCiste Cothromais Innéacs Euro GRU State Street, i gCiste Cothromais Innéacs Euro State Street GRU World ex agus i gCiste Innéacs Bannaí AEA State Street GRU an ceann, fo-chiste de chuid lontaobhas Aonaid Oll-Chuachta State Street Global Advisors . Tá an Ciste dírithe go príomha ar thairbhíthe a bhfuil tréimhse ama infheistíochta níos faide ná 8 mbliana acu. Tá an Ciste seo dírithe ar Mhionaoisigh atá faoi bhun 10 mbliana d'aois. Mar thoradh ar an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 (Acht 2015) áirítear sa Chiste seo Coimircithe agus Mionaoisigh Coimircithe mar chuid de bhearta dí-riosca a rinneadh mar ullmhúchán don dáta urscaoilte a bhfuiltear ag súil leis.

I mí Aibreáin 2015, chuir an Ciste Éagsúlaithe Spectrum forleagan trucear sprioc-luaineachta cothromais (TSL) i bhfeidhm Is próiseas trédhearcach é TSL a bhfuil sé mar aidhm aige tomhas cosanta a sholáthar i gcoinne laghduithe suntasacha i margaí cothromais. Déanann TSL luaineacht cothromais a thuar agus déanann sé an nochtadh cothromais laistigh den Chiste Éagsúlaithe Spectrum a choigeartú go dinimiciúil i dtreimhsí luaineachta ardaithe, rud a thairgeann gné chosanta do shealbhóirí aonaid. Féadfaidh an Bainisteoir Infheistíochta an margadh malairte eachtraí a úsáid chun cuid den nochtadh neamh-euro nó an nochtadh ar fad sna cistí bunúsacha a fhálú. Déantar 75% den nochtadh neamh-Euro a fhálú ar ais go Euro.

Is é an tagarmharc do Chiste Éagsúlaithe State Street Spectrum ilchodach de 50% Innéacs Bloomberg Xestron + 22.5% FTSE EGBI 1-3 + 27.5% Innéacs Forbartha FTSE.

Ciste Comhardaithe Measartha SSIM Spectrum:

Is é príomhchuspóir an Fho-Chiste sin ná luachmhéadú caipitil a ghiniúint. Tá sé seo le gnóthú tríd na sócmhainní an Fho-chiste a infheistiú i gCiste EUR VNAV. Níl aon teorainn leis an méid a fhéadfaidh an Fo-Chiste a infheistiú i gCiste VNAV EUR, ach níltear ag súil faoi láthair go sáróidh an leithdháileadh infheistíochta 80% de ghlansócmhainní an Fho-Chiste. Féadfaidh an Fo-Chiste infheistíocht a dhéanamh freisin i gCiste Cothromais Innéacs Euro GRU State Street, i gCiste Cothromais Innéacs Euro State Street GRU World ex agus i gCiste Innéacs Bannaí AEA State Street GRU an ceann, fo-chiste de chuid lontaobhas Aonaid Oll-Chuachta State Street Global Advisors . Tá an Ciste dírithe go príomha ar thairbhíthe a bhfuil tréimhse ama infheistíochta idir 5-8 mbliana acu s.é. Mionaoisigh d'aois 10 mbliana agus os a cionn ach níos óige ná 13 bliana d'aois.

Is é an tagarmharc do Chiste Cothromaithe Measartha State Street Spectrum ná ilchodach de 70% Innéacs Bloomberg Xestron + Innéacs Forbartha FTSE 7% (75% Fáilaithe) + Innéacs Banna Rialtais FTSE EMU 23% 1-3 Bliana.

Ciste Éagsúlaithe Measartha SSIM Spectrum:

Is é cuspóir infheistíochta an Fho-Chiste go príomha iarracht a dhéanamh leibhéal measartha fáis a bhaint amach sa mheántearma agus san fhadtearma. Tá sé seo le baint amach go príomha trí infheistíocht a dhéanamh i gCistí Rialáilte. Déanfar infheistíochtaí go príomha mar chiste ciste nó Infheistíochtaí Ciste Fothaire i gCiste EUR VNAV State Street, i gCiste Cothromais Innéacs Euro GRU State Street agus i gCiste Cothromais Innéacs Euro State Street GRU World ex Euro. Féadfaidh an Fo-Chiste suas le 65% dá Ghlanluach Sócmhainní a infheistiú i gCiste EUR VNAV, agus suas le 20% dá Ghlanluach Sócmhainní i gCistí GRU le chéile. Féadfar cuspóir infheistíochta an Fho-Chiste a bhaint amach freisin trí suas le 45% dá Ghlanluach Sócmhainní a infheistiú, ar bhonn ciste cistí, i gCistí Rialáilte eile, a mbeidh cuspóirí agus beartais infheistíochta acu lena gcuirtear ar chumas an Fho-Chiste a chuspóir infheistíochta a chomhlíonadh. Tá an ciste seo dírithe ar Choimircithe a fuair dámhachtain cúirte tar éis gortú tubaisteach (bunaithe ar an bhfasach atá leagtha síos i mbreithiúnas Russell v FSS).

Is ionann an tagarmharc do Chiste Éagsúlaithe Measartha State Street Spectrum agus cumasc de mhéid 10% d'Innéacs Forbartha FTSE (75% Fálaithe) + 20% d'Innéacs Bannaí Bloomberg Euro Aggregate Corp + 70% d'Innéacs Aibíochta Tairisí ICE BofA Ráta Éarlaise 3-Mhí Euro.

Bileoga Eolais an Chiste

Foilsíodh na bileoga eolais ráithiúla do chistí SSIM maidir le gach straitéis ar suíomh gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna (www.courts.ie). Taispeántar iontu sin cuspóir an Chiste, feidhmíocht i gcomparáid leis an tagarmharc le linn tréimhse éagsúla, táillí agus sonraí maidir le meascán comhdhéanaimh na mbunsócmhainní i dtaca le gach straitéis.

SOCRUITHE RIALACHAIS

Bainistiú Chistí na gCúirteanna

Comhlíontar dea-chleachtas leis an gCreat Rialachais le haghaidh Cistí na gCúirteanna a bhainistiú. Tá sé deartha lena chinntiú go mbíonn na socruithe maoirseachta agus rialaithe riachtanacha i bhfeidhm d'fhonn dearbhú iomchuí a sholáthar maidir le rialachas oibríochtaí uile Oifig an Chuntasóra. Leagtar amach príomhghnéithe na socruithe rialachais atá i bhfeidhm i ndáil le Cistí na gCúirteanna thíos:

- **An Coiste Infheistíochta:** D'fhormheas Bord na Seirbhíse Cúirteanna in 2001 Coiste Infheistíochta a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na socruithe atá faofa ag Bord na Seirbhíse Cúirteanna maidir le Cistí na gCúirteanna a bhainistiú agus a infheistiú. Is iad ionadaithe na mBreithiúna, Oifigigh na gCúirteanna, oifigigh na Seirbhíse Cúirteanna agus comhaltaí seachtracha neamhspleácha atá ina gcomhaltaí den Choiste Infheistíochta (féach comhaltas an Choiste ar leathanach 10). Déantar an Coiste a threorú ina chuid oibre ag comhairle infheistíochta neamhspleách óna chomhairleoirí infheistíochta Mercer Ireland. Tagann an Coiste le chéile ar bhonn rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht infheistíochta agus ar oiriúnacht leanúnach na straitéisí infheistíochta. Déanann sé athbhreithniú freisin ar thuarascálacha ó Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais, na gComhairleoirí Infheistíochta agus na mBainisteoirí Infheistíochta.
- **Comhairleoirí Infheistíochta:** Le linn na bliana faoi athbhreithniú, thug Mercer comhairle infheistíochta neamhspleách chuig an Choiste Infheistíochta i ndáil le Cistí Cúirte a bhainistiú agus a infheistiú mar is ceart. Is é ról an chomhairleora infheistíochta ná chun comhairle infheistíochta ghairmiúil neamhspleách a sholáthar don Choiste Infheistíochta chun beartas infheistíochta agus straitéisí infheistíochta iomchuí a cheapadh chun riachtanais na dtairbhíthe a shásamh, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an fheidhmíocht infheistíochtaí agus ar fheidhmíocht na mbainisteoirí cistí. Tacaíonn siad freisin leis an tSeirbhís Chúirteanna agus leis an gCoiste Infheistíochta i roghnú agus i gceapadh na mbainisteoirí ciste agus na gcaomhnóirí.
- **Bainisteoirí Infheistíochta:** Ceapadh State Street Investment Management ina mbainisteoirí Ciste in 2012. Cuireadh Comhaontú um Bainistiú Infheistíochta (IMA) i bhfeidhm ar an 7 Deireadh Fómhair 2013 le bunú sé straitéis infheistíochta a tháinig i bhfeidhm ón 9 Deireadh Fómhair 2013 i leith agus bunaíodh straitéis infheistíochta nua, an Ciste Éagsúlaithe Measartha, an 20 Márta 2019. Cuireadh conradh na mBainisteoirí Infheistíochta ar tairiscint le déanaí, agus táthar ag súil go mbronnfar an conradh nua a chuimseoidh athstruchtúrú straitéisí infheistíochta in 2026. Tá sé de nós ag an tSeirbhís Chúirteanna agus ag an gCoiste Infheistíochta tairiscint a dhéanamh chun Seirbhísí Bainistíochta Infheistíochta a sholáthar. Is é an cuspóir atá leis ná a chinntiú go bhfuil an Bainisteoir Infheistíochta is oiriúnaí i bhfeidhm ag na Cúirteanna ar féidir leo an cúnamh is fearr a thabhairt chun ár gcuspóirí a bhaint amach agus luach ar airgead a chinntiú do thairbhíthe.
- **Iontaobhaí an Chiste:** Soláthraíonn Northern Trust Fiduciary Services (Ireland) Limited na seirbhísí iontaobhaithe don Iontaobhas. Glacann an Iontaobhaí sócmhainní uile an Iontaobhais ina choimeád nó faoina smacht agus coinníonn sé iad i gcoimeád slán do na sealbhóirí aonaid. Tá dualgaí iomlána an Iontaobhaí leagtha amach san Acht um Iontaobhais Aonaid 1990.
- **Riarthóir Ciste, Cláraitheoir agus Gníomhaire Aistrithe:** Is iad Northern Trust International Fund Administration Services (Ireland) Limited a sholáthraíonn an Riarthóir, an Cláraitheoir agus Seirbhísí Gníomhaire Aistrithe don Iontaobhas leis an bhfreagracht chun leabhair agus taifid an Iontaobhais a chothabháil.

- **Iniúchadh Seachtrach:** Déanann iniúcháir seachtrach neamhspleách iniúchadh ar ráitis airgeadais bhliantúla Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais. Ní mór na ráitis airgeadais bhliantúla a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe Seirbhíse Poiblí agus Digititiúcháin.
- **Iniúchadh Inmheánach:** Tagann Oifig an Chuntasóra faoi réir iniúchta ag Aonad Iniúchadh Inmheánach na Seirbhíse Cúirteanna freisin.
- **Bainistíocht Riosca:** Mar chuid den bheartas bainistíochta riosca agus den chreat a chuireann an tSeirbhís Chúirteanna i bhfeidhm, tá bainistíocht chistí na gCúirteanna faoi réir monatóireacht agus athbhreithnithe rialta lena chinntiú go sainaithnítear agus go ndéantar bainistiú leordhóthanach ar na rioscaí móra go léir. Tá na rioscaí móra a bhaineann le bainistiú chistí Cúirte san áireamh i gclár riosca cuí na Seirbhíse Cúirteanna.
- **An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca:** Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, atá ina fho-choiste de Bhord na Seirbhíse Cúirteanna, athbhreithniú ar na haschuir ó na Tuarascálacha Iniúcháireachta, ag iniúcháirí seachtracha agus inmheánacha araon.
- **Beartais agus nósanna imeachta láidre le córais rialaithe láidre:** Mar chuid dá n-iniúchadh bliantúil, déanann na hiniúcháirí seachtracha rialuithe inmheánacha Oifig an Chuntasóra a thástáil agus a mheas agus déanann siad nósanna imeachta iniúcháireachta substainteacha agus déanann siad na torthaí a mheas. Tá tuarascáil iniúchta ghlan faighte ag na ráitis airgeadais bhliantúla ó cuireadh na socruithe reatha i bhfeidhm in 2003.
- **Oifig Lárchiste:** Tar éis athruithe ar Rialacha na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche, tá an t-údarás dlíthiúil ag Oifig an Chuntasóra ó 2006 chun cistí ón dá dhlínse sin a bhainistiú agus a infheistiú, faoi réir ag an Ordú Cúirte iomchuí a bheith déanta.

FORBHREATHNÚ OIBRIÚCHÁIN

Oifig an Chuntasóra

Is cistí iad na cistí atá á mbainistiú ag an gCuntasóir agus ag Oifig an Chuntasóra a shealbhaítear faoi rialú na gCúirteanna agus a bhainistítear i gcáil mhuiníneach thar ceann tairbhíthe, lena n-áirítear catagóirí éagsúla dlíthí, daoine ar Choimircithe Cúirte agus Mionaoisigh iad ar bhronn na Cúirteanna damáistí orthu.

Ba í an bhliain atá faoi athbhreithniú ná feidhmíocht oibríochta seasta Oifig an Chuntasóra a lean ar aghaidh ag tacú le bainistiú agus infheistíocht éifeachtach Chistí na gCúirteanna. Áiríodh ar na príomhghníomhaíochtaí taiseadh, infheistíocht agus eisíocaíocht Chistí na gCúirteanna i gcomhréir le hordú cúirte, prótacal infheistíochta agus nó treoir Oifig na gCoimircithe Cúirte. Lean an Oifig ag obair go héifeachtach lenár gComhairleoirí Infheistíochta Mercer Ireland agus leis na Bainisteoirí Infheistíochta SSIM, agus ag an am céanna ag tuairisciú go rialta don Choiste Infheistíochta.

Ag an mbliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2025, ba é luach iomlán na gcistí a bhí á mbainistiú ag Oifig an Chuntasóra ná €2.446 billiún (2024: €2.499 billiún), arbh ionann iad agus laghdú €52.7 milliún (-2.1%) i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe sin. Bhí sé seo inchurtha i leith glanmhéadú ó fheidhmíocht infheistíochta de €65.7 milliún agus laghdú glan ar idirbhearta caipitil glan de €118.7 milliún. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, rinne Oifig an Chuntasóra 57,008 idirbheart airgeadais a phróiseáil. (2024: 56,233). Tháinig laghdú ar líon na dtairbhíthe go 20,337 ó 21,373 le haghaidh na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2025. Bhí os cionn 96% de na híocaíochtaí go léir a próiseáladh in Oifig an Chuntasóra don bhliain airgeadais atá faoi athbhreithniú laistigh de na príomhtháscairí feidhmíochta agus próiseáladh 74% de na híocaíochtaí go léir go leictreonach.

Don bhliain atá faoi athbhreithniú, ghearr Banc na hÉireann (BOI) muirir bhainc Oifig an Chuntasóra ar a chuntas reatha. Ní chuireann an tSeirbhís Chúirteanna na muirir seo ar aghaidh chuig tairbhíthe. B'ionann iomlán na muirear bainc agus na muirear úis diúltach a d'íoc Oifig na gCuntasóirí le Banc na hÉireann le linn na bliana dar críoch 30 Meán Fómhair 2025 agus €3,832(2024: €5,527).

Is ionann roinnt mhór de thairbhíthe chistí na gcúirteanna agus na baill is leochailí dár sochaí. Áirítear leis sin daoine ata ina gCoimircithe Cúirte, agus daoine eile atá ina Mionaoisigh faoi 18 mbliana d'aois. Éilíonn an fhreagracht dhlíthiúil a urscaoileann na Cúirteanna go ndéanfar cistí agus sócmhainní eile a shealbhaítear ar iontaobhas thar ceann agus chun leasa na dtairbhíthe a bhainistiú go cuí. Chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an tSeirbhís Chúirteanna a freagracht as tacú leis na Cúirteanna agus leis na breithiúna i leith na gcistí sin, is gá acmhainní agus córais chuí a bheith i bhfeidhm chun na cistí sin a bhainistiú. Áirítear leis seo freisin acmhainní seachtracha a úsáid, mar shampla i bhfoirm Comhairleoirí Infheistíochta agus Iniúcháirí. Mar ranníocaíocht i leith chostais na n-oibríochtaí sin, cuirtear táillí Cúirte agus muirir eile i bhfeidhm ar na hidirbhearta éagsúla a bhaineann le bainistiú Cistí Cúirte. Faomhann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na cúisimh seo agus tá siad le fáil in Orduithe Táillí na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte.

Gearradh táillí dar luach €1,868,436 (30 Meán Fómhair 2024: €1,966,766) mar gheall ar idirbhearta arna bpróiseáil ag Oifig an Chuntasóra le linn na bliana dar críoch 30 Meán Fómhair 2025.

San áireamh sna táillí seo tá €9,929 (30 Meán Fómhair 2024: €64,213) maidir le céatadáin Cúirte a muirearaíodh ar chistí a sealbhaíodh thar ceann Coimircithe Cúirte.

4.2 Táillí SSIM um Bainistiú Infheistíochta, Caomhnóireacht agus Riarachán

Ag tosach feidhme na straitéisí infheistíochta reatha i nDeireadh Fómhair 2013, comhaontaíodh scála i leith táillí bainistíochta infheistíochta, caomhnóireachta agus riaracháin le State Street Investment Management, leis na Bainisteoirí Infheistíochta, agus corpraíodh leis an gComhaontú um Bainistiú Infheistíochta iad. Is ar bhonn seachtainiúil a ríomhtar agus fabhraítear gach táille, agus is ar bhonn míosúil a íoctar go díreach iad ó gach Punann. Cuimsítear leis an táille neamhbhainistíochta gach táille réasúnta a bhaineann le cistí laistigh de na Cistí Spectrum agus Máistir-Chistí (lena n-áirítear Cistí neamh-SSIM), lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do tháillí iontaobhaithe/Muiníneacha, táillí riaracháin, táillí idirbheart, Táillí Dlíthiúla, agus táillí Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta. B'ionann na táillí um bainistiú infheistíochta agus neamhbhainistíochta a gearradh ar gach Ciste Cúirte a infheistíodh sna Cistí Spectrum SSIM agus GRU i rith na tréimhse faoi athbhreithniú go €2,591,002 (30 Meán Fómhair 2024: €3,328,068). B'ionann táillí frithchaolacháin iomlána agus €12,434 don tréimhse faoi athbhreithniú (30 Meán Fómhair 2024: €11,440).

5. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AR LUACH CÓIR TRÍ BHRABÚS NÓ TRÍ CHAILLTEANAS

	30/09/2025	30/09/2024
	€	€
Cistí Aonadaithe SSIM	2,390,411,462	2,445,627,915
Cistí bainistithe	-	2,629,091
Gnáthscaireanna	3,702,431	3,309,406
Cuntais taisce	7,316,110	7,011,053
Teastais Choigiltis An Post	22,772	37,873
Polasaithe árachais	276,273	272,585
	<u>2,401,729,048</u>	<u>2,458,887,923</u>

6.	FÉICHIÚNAITHE	30/09/2025	30/09/2024
		€	€
	Dámhachtainí cúirte nach bhfuil faighte go fóill	<u>28,467,751</u>	<u>27,433,422</u>
7.	AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM	30/09/2025	30/09/2024
		€	€
	Airgead tirim sa bhanc	<u>20,354,211</u>	<u>19,173,787</u>
8.	CREIDIÚNAITHE	30/09/2025	30/09/2024
		€	€
	Cáin scoir iníoctha	<u>(4,094,974)</u>	<u>(6,278,151)</u>
9.	MÉIDEANNA FAOI SHEILBH DO THAIRBHITHE	30/09/2025	30/09/2024
		€	€
	Suimeanna faoi sheilbh do Choimircithe Cúirte	1,844,349,497	1,920,981,369
	Suimeanna faoi sheilbh do mhionaoisigh	351,333,897	370,409,394
	Suimeanna faoi sheilbh le haghaidh cásanna ordaithe breise ar feitheamh	175,614,854	133,076,823
	Suimeanna faoi sheilbh do thiomnachtaí carthanachta	2,906,053	2,548,344
	Suimeanna faoi sheilbh le haghaidh lóisteálacha le cosaint	8,996,999	9,894,288
	Eile*	<u>63,254,736</u>	<u>62,306,763</u>
		<u>2,446,456,036</u>	<u>2,499,216,981</u>

* San áireamh in Eile tá Slándáil do Costais, Tiarna Talún & Tionónta, Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe, Díomhaoitis srl.

10. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS

Feidhmíonn Bainistíocht Infheistíochta State Street mar Bhainisteoir Infheistíochta leis an lontaobhas de bhun an Chomhaontaithe Bainistiú Infheistíochta.

Infheistíonn Fo-Chistí lontaobhas Aonad State Street Spectrum a gcuid sócmhainní go léir go substaintiúil i gceann amháin nó i meascán d'Fho-Chistí lontaobhas Aonad Oll-Chuachta SSGA atá liostaithe thíos.

- Ciste Banna Innéacs State Street GRU EMU
- Ciste Cothromais Innéacs State Street GRU Euro
- Ciste Cothromais Innéacs Ex Euro State Street GRU World

Leachtaíodh Ciste Airgead Tirim Euro State Street GRU an 5 Márta 2025 agus leachtaíodh ciste a infheistíonn sé i gCiste Euribor Plus State Street GRU an 19 Márta 2025.

Agus a gcuspóirí agus a mbeartais infheistíochta á saothrú acu, nochtar na Fo-Chistí do rioscaí airgeadais éagsúla go díreach nó trí na Fo-Chistí in lontaobhas Aonaid Oll-Chuachta SSGA nó Cistí eile a ndéanann siad infheistíocht iontu: riosca margaidh (lena n-áirítear margadhphraghas riosca, riosca airgeadra, agus riosca ráta úis), riosca creidmheasa agus riosca leachtachta a bhféadfadh laghdú ar ghlansócmhainní Fo-Chiste a bheith mar thoradh air.

10. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

Is iad seo a leanas na rioscaí, agus cur chuige an Bhainisteora Infheistíochta i leith bainistiú na rioscaí:

(a) Margadhphraghas Riosca

Is éard is margadhphraghas riosca ann ná an riosca go n-athróidh luach cóir nó sreafaí airgid ionstraime airgeadais amach anseo mar gheall ar athruithe ar phraghsanna an mhargaidh.

Leachtaíodh Ciste Airgid Tirim State Street Spectrum agus Ciste Airgead Tirim Euro State Street GRU an 5 Márta 2025 agus mar sin ní raibh siad faoi lé riosca margaidh.

D’infheistigh Ciste Euribor Plus State Street Spectrum a shócmhainní go léir go substaintiúil i gCiste Euribor Plus State Street GRU agus mar sin bhí sé faoi lé na rioscaí margaidh céanna le Ciste Euribor Plus State Street GRU a leachtaigh an 19 Márta 2025 agus nach nochtadh lé riosca margaidh dá bhrí sin.

Infheistíodh Ciste Airgid agus Banna Gearrthéarmach State Street Spectrum, Ciste Éagsúlaithe State Street Spectrum, Ciste Comhardaithe Measartha State Street Spectrum i réimse cistí, ar cistí rianaithe innéacs roinnt acu, agus is sa tábla thíos a thugtar chun suntais a n-íogaireacht do mhargadhphraghas riosca.

Ag leibhéal Fho-Chistí lontaobhas Aonaid SSGA Oll-Chuachta, is san anailís seo a leanas a mhínítear an tionchar a bhainfeadh le gluaiseacht faoi 20% san innéacs tagarmhairc ábhartha (arna ríomh i dtéarmaí Euro) an 30 Meán Fómhair 2025 agus an 30 Meán Fómhair 2024, agus na hathróra eile go léir á gcoinneáil tairiseach, bheadh ar na glansócmhainní a bheadh inchurtha i leith sealbhóirí aonad infhuascailte na gCistí éagsúla.

Ainm an Fho-Chiste	Innéacs tagarmhairc	% athrú ar ghlansócmhainní an Fho-Chiste Amhail an 30 Meán Fómhair 2025	% athrú ar ghlansócmhainní an Fho-Chiste Amhail an 30 As at 30Meán Fómhair 2024
Ciste Cothromais Innéacs State Street Euro GRU	Innéacs FTSE Forbartha Limistéar an Euro	19.95%	19.97%
Ciste Cothromais Innéacs State Street GRU World Ex Euro	Innéacs FTSE Forbartha ex Eurobloc	19.98%	19.98%
Ciste Innéacs Bannaí State Street GRU EMU	Innéacs Bannaí Rialtais EMU FTSE 1-3 Bliana	19.98%	19.99%

Mar shampla, taispeántar san anailís thuas dá dtiocfaí méadú 20% ar Innéacs FTSE Forbartha Limistéar Forbartha an Euro i dtéarmaí Euro ar an 30 Meán Fómhair 2025, agus na hathróra eile go léir á gcoinneáil seasmhach, mhéadódh sé seo glansócmhainní atá inchurtha i leith sealbhóirí aonad infhuascailte Chiste Cothromais Innéacs Euro GRU SSGA faoi thuairim is 19.95% (30 Meán Fómhair 2024: 19.97%).

Mar mhalairt, dá mbeadh laghdú 20% tagtha ar Innéacs Limistéar an Euro arna Fhorbairt ag FTSE i dtéarmaí Euro, agus na hathróra eile go léir á gcoinneáil seasmhach, laghdódh sé seo glansócmhainní atá inchurtha i leith sealbhóirí aonad infhuascailte Chiste Cothromais Innéacs Euro GRU State Street de thart ar 19.95% (30 Meán Fómhair 2024: 19.97%).

10. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

(b) Riosca Airgeadra

Is éard is riosca airgeadra ann ná an riosca go n-athróidh luach cóir nó sreafaí airgid ionstraime airgeadais amach anseo mar gheall ar athruithe ar rátaí malairte eachtraí.

Is Fo-Chiste é an Ciste Éagsúlaithe Measartha State Street Spectrum nach n-infheistíonn go heisiach i gcistí atá ainmnithe in Euro agus dá bhrí sin tá sé neamhchosanta go díreach ar riosca airgeadra.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2025, nochtar roinnt de na Fo-Chistí go hindíreach freisin do na rioscaí airgeadra leis na cistí bunúsacha ina n-infheistítear iad.

Go háirithe, ag deireadh na bliana, infheistíodh Ciste Éagsúlaithe Measartha State Street Spectrum i gcistí a bhfuil neamhchosaint acu ar airgeadraí neamh-Euro. Chomh maith leis sin, d'infheistigh Ciste Éagsúlaithe State Street Spectrum agus Ciste Comhardaithe Measartha State Street Spectrum i gCiste Cothromais Innéacs State Street GRU World Ex Euro. Tá sócmhainní, dliteanais agus ioncam uile Chiste Cothromais Innéacs State Street GRU World Ex Euro ainmnithe in airgeadraí seachas an Euro, airgeadra feidhme na bhFo-Chistí go léir. Is iad na hairgeadraí suntasacha ná Dollar SAM, Punt na Breataine, Yen na Seapáine, Dollar Cheanada, Dollar na hAstráile agus Franc na hEilvéise. Nochtar é dá réir sin do riosca airgeadra óir go luaineoidh luach na n-urrús ainmnithe in airgeadraí eile de bharr athruithe sna rátaí malairte. Tiontaítear an t-ioncam ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro nuair a fhaightear é. Aistrítear idirbhearta sna hairgeadraí eachtracha go hairgeadra feidhmiúil an Fho-Chiste ag na rátaí malairte i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt féin. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais go hairgeadra feidhmiúil an Fho-Chiste ag an ráta malairte i bhfeidhm ag dáta deiridh na bliana.

Ní nochtar Ciste Euribor Plus State Street Spectrum, Ciste Airgid Tirim agus Bannaí Gearrthéarmacha State Street Spectrum do rioscaí airgeadra eachtraigh ar bith óir go mbíonn sócmhainní agus dliteanais go léir na gcistí ina n-infheistítear iad ainmnithe in Euro, airgeadra feidhmiúil na bhFo-Chistí.

Is é an Bainisteoir Infheistíochta a dhéanann monatóireacht ar an nochtadh airgeadra ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfanann siad laistigh de réimsí inghlactha.

Níor tháinig aon athrú nithiúil ar bheartais agus ar phróisis na bhFo-chistí do bhainistiú an riosca airgeadra agus ar na modhanna as ar baineadh leas chun riosca a thomhas i gcaitheamh na bliana.

Comhaontaíodh go gcuirfidh an Bainisteoir Infheistíochta straitéis fálaíthe airgeadra i bhfeidhm a fhéachann le 75% den nochtadh neamh-Euro atá i seilbh Chiste Éagsúlaithe Measartha State Street Spectrum a fhálú trí Ciste Gnáthscaireanna Innéacs State Street GRU World ex Euro.

Cuireadh an straitéis infheistíochta seo i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as réamhchonarthaí teanór FX 1 mhí, agus breathnaíodh ar an modheolaíocht seo mar an chothromaíocht is fearr idir costas agus éifeachtacht.

Taispeántar sa tábla seo a leanas sealúchais agus airgead tirim i ngach aon airgeadra do Chiste Éagsúlaithe Measartha State Street Spectrum agus an tionchar ar na glansócmhainní is inchurtha le sealbhóirí aonaid infhuascailte den Fho-Chiste de bharr gluaiseachta +/-10% in aon cheann de na hairgeadraí sin ar 30 Meán Fómhair 2025.

10. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

(b) Riosca Airgeadra (ar lean)

Airgeadra Trádála	Luach Margaidh Trádáilte	% Sealúchas	% Gluaiseacht	% Tionchar ar NAV
Dollar na hAstráile	(566,705)	7.95%	10%	(0.80%)
Punt Steirling na Breataine	(1,230,123)	17.25%	10%	(1.73%)
Dollar Cheanada	(921,098)	12.92%	10%	(1.29%)
Coróin na Danmhairge	(168,406)	2.36%	10%	(0.24%)
Dollar Hong Cong	(136,264)	1.91%	10%	(0.19%)
Yen na Seapáine	(2,086,593)	29.26%	10%	(2.93%)
Dollar Shingeapór	(98,373)	1.38%	10%	(0.14%)
Krona na Sualainne	(183,066)	2.57%	10%	(0.26%)
Franc na hEilvéise	(797,174)	11.18%	10%	(1.12%)
Dollar SAM	(943,531)	13.22%	10%	(1.32%)
Iomlán	(7,131,333)			

Taispeántar sa tábla seo a leanas sealúchais agus airgead tirim i ngach aon airgeadra do Chiste Éagsúlaithe Measartha State Street agus an tionchar ar na glansócmhainní is inchurtha le sealbhóirí aonaid infhuascailte den Fho-chiste de bharr gluaiseachta +/-10% in aon cheann de na hairgeadraí sin amhail an 30 Meán Fómhair 2024

Airgeadra Trádála	Luach Margaidh Trádáilte	% Sealúchas	% Gluaiseacht	% Tionchar ar NAV
Dollar na hAstráile	(723,913)	8.33%	10%	(0.83%)
Punt Steirling na Breataine	(1,093,058)	12.58%	10%	(1.26%)
Dollar Cheanada	(749,934)	8.63%	10%	(0.86%)
Coróin na Danmhairge	(168,646)	1.94%	10%	(0.19%)
Dollar Hong Cong	(242,263)	2.79%	10%	(0.28%)
Yen na Seapáine	(1,812,656)	20.87%	10%	(2.09%)
Krona na Sualainne	(178,837)	2.06%	10%	(0.21%)
Franc na hEilvéise	(669,866)	7.71%	10%	(0.77%)
Dollar SAM	(3,046,703)	35.09%	10%	(3.51%)
Iomlán	(8,685,876)			

(c) Ráta Riosca Úis

Cuireann ús Fo-Chiste a bhfuil sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais air nó uirthi rioscaí suntasacha a bhaineann le héifeachtaí luaineachtaí sna leibhéil rátaí úis margaidh atá i réim ar a staid an airgeadais agus ar a sreafaí airgid.

Nochtar na Fo-Chistí go díreach don riosca ráta úis trína sealúchais airgid thirim, agus nochtar iad go hindíreach do rioscaí ráta úis trí roinnt de na comhscéimeanna infheistíochta ina n-infheistíonn siad.

10. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

(c) Ráta Riosca Úis (ar lean)

Nochtar Ciste Airgid agus Banna Gearrthéarmach State Street Spectrum, Ciste Éagsúlaithe State Street Spectrum agus Ciste Comhardaithe Measartha State Street Spectrum do na rioscaí céanna ráta úis le Ciste Euribor Plus GRU State Street agus Ciste Innéacs Banna State Street GRU EMU i gcomhréir lena leithdháileadh. Ina theannta sin, tá Ciste Éagsúlaithe State Street Spectrum nochta do Chiste Airgead Tirim State Street GRU Euro a leachtaigh an 5 Márta 2025.

Tá sócmhainní agus dliteanais lena mbaineann ús i seilbh Chiste Euribor Plus State Street GRU agus Ciste Airgid Euro State Street GRU lena nochtar iad do rioscaí a bhaineann le tionchair na luaineachtaí sna leibhéil rátaí úis atá i réim sa mhargadh ó thaobh staid an airgeadais agus a sreafaí airgid de.

Is éard is cuspóir infheistíochta Chiste Innéacs Bannaí State Street GRU EMU ná chun cloí le feidhmíocht Innéacs Bannaí Rialtais FTSE EMU 1-3 Bliana chomh dlúth agus is féidir go réasúnta. Infheistíodh an Bainisteoir Infheistíochta dá réir sna hinfeistíochtaí úd agus a chinnteofar go gcloíonn feidhmíocht an Fho-Chiste chomh dlúth agus is féidir go réasúnta d'fheidhmíocht an innéacs faoina bhun. Ní fhéachann sé go díreach chun an nochtheadh don riosca ráta úis a bhainistiú laistigh den Fho-Chiste féin.

Leachtaíodh Ciste Airgead Tirim Euro GRU State Street an 5 Márta 2025 agus leachtaíodh Ciste Euribor Plus GRU State Street an 19 Márta 2025 agus mar sin ní raibh siad faoi lé riosca ráta úis.

Níl urrúis úsmhara i seilbh Ciste Cothromais Innéacs GRU Euro State Street agus Cistí Cothromais Innéacs Ex Euro State Street GRU World agus, dá bhrí sin, ní thagann aon neamhchosaint ar riosca ráta úis chun cinn i ndáil leis na Fo-Chistí seo.

Níor tháinig aon athrú nithiúil ar bheartais agus ar phróisis na bhFo-Chistí do bhainistiú an riosca ráta úis agus ar na modhanna as ar baineadh leas chun riosca a thomhas ó dheireadh na bliana roimhe sin.

Is leis an bhfad a dhéantar íogaireacht na rátaí úis a thomhas, arb ionann é agus tomhas éifeacht NAV an Fho-Chiste a bhainfeadh le hathrú faoi 1% sna rátaí úis. De dheasca leachtú, bhí ré Nialaslaethanta ag Ciste Airgead Tirim Euro GRU State Street amhail an 30 Meán Fómhair 2025 (30 Meán Fómhair 2024: 23.5 lá). Bhí ré Nialaslaethanta ag Ciste Euribor Plus GRU State Street freisin amhail an 30 Meán Fómhair 2025 (mar gheall ar leachtú) (30 Meán Fómhair 2024: 48.2 lá). Tá gach Ciste eile innéacsaithe.

(d) Riosca Creidmheasa

Is ionann riosca creidmheasa agus an riosca nach mbeidh frithpháirtí ná eisitheoir in ann méideanna a íoc ina n-iomláine nuair a bhíonn siad dlite.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2025, nochtar na Fo-Chistí go hindíreach freisin do na rioscaí creidmheasa céanna leis na cistí ina n-infheistítear iad.

Leachtaíodh Ciste Airgid Tirim State Street Spectrum agus Ciste Airgead Tirim Euro GRU State Street an 5 Márta 2025 agus leachtaíodh Ciste Euribor GRU Plus State Street an 19 Márta 2025. Is iad Deasc Mhargaidh Airgid Bainistíocht Infheistíochta State Street agus Foireann Chomhlíonta Punainne an Chomhairleora Infheistíochta a dhéanann monatóireacht ar an rátáil creidmheasa reatha i leith gach seasamh laistigh de na Fo-Chistí sin ar bhonn laethúil, chun a chinntiú go sásaíonn an Fo-Chiste i gcónaí na riachtanais agus na srianta rátála creidmheasa don Fho-Chiste faoi mar a thugtar le fios i gcáipéisíocht an Fho-Chiste.

Is iad Deasc Mhargaidh Airgid an SSGA agus Foireann Chomhlíonta Punainne an Bhainisteora Infheistíochta freisin a chinntíonn go mbíonn éagsúlú infheistíochta iomchuí ann, agus nach mbíonn an riosca ró-chomhdhlúite le frithpháirtí nó le heisitheoir faoi leith ar tráth ar bith.

10. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEAN)

(d) Riosca Creidmheasa (ar lean)

Amhail an 30 Meán Fómhair 2025, nochtar Ciste Airgid Tirim agus Bannaí Gearrthéarmacha State Street Spectrum, Ciste Éagsúlaithe State Street Spectrum agus Ciste Comhardaithe Measartha State Street Spectrum do na rioscaí céanna ráta úis le Ciste Euribor Plus GRU State Street agus Ciste Innéacs Bannaí State Street GRU EMU i gcomhréir lena leithdháileadh. Is i gcás Chiste Innéacs Bannaí AAE GRU SSGA freisin a chinntíonn an Bainisteoir Infheistíochta go mbíonn éagsúlú infheistíochta iomchuí ann agus nach mbíonn an riosca ró-chomhdhlúite le frithpháirtí ná le heisitheoir faoi leith ag tráth ar bith, agus ag díriú ag an am céanna ar an gcroí-chuspóir don Fho-Chiste arb é chun cloí chomh dlúth agus is féidir go réasúnta le feidhmíocht an tagarmhairc dó.

Coinníonn Ciste Innéacs Bannaí EMU State Street GRU urrúis úsmhara leis na risíochtaí creidmheasa seo a leanas amhail an 30 Meán Fómhair 2025 agus an 30 Meán Fómhair 2024.

Ainm an Fho-Chiste	Amhail an 30Meán Fómhair 2025		Amhail an 30Meán Fómhair 2024	
	Grád infheistíochta	Grád neamh-infheistíochta	Grád infheistíochta	Grád neamh-infheistíochta
Ciste Airgid Tirim Euro State Street GRU*	-	-	100.00%	-
Ciste Innéacs Bannaí State Street GRU EMU	100.00%	-	100.00%	-
Ciste Euribor Plus State Street GRU**	-	-	100.00%	-

* Leachtaíodh Ciste Airgead Tirim Euro State Street GRU an 5 Márta 2025 agus tá sé dúnta do shíntiúis bhreise.

** Leachtaíodh Ciste Euribor Plus State Street GRU an 19 Márta 2025 agus tá sé dúnta do shíntiúis bhreise.

Cuimsíonn an nochtadh creidmheasa Fo-Chiste freisin:

- an riosca go gcaillfí airgead tirim, go léir a choinnítear le The Northern Trust Company (“TNTC”) ag an dáta tuairiscithe; agus
- an riosca go dteipfeadh ar bhróicéirí íoc as urrúis a fhaightear ó na Fo-Chistí, nó urrúis a íoctar as na Fo-Chistí a sheachadadh.

Is é Northern Trust Fiduciary Services (Ireland) Limited (“NTFSIL”) an Taisceánach ceaptha ar na bhFochistí, atá freagrach as sócmhainní a choinneáil slán. Tá TNTC ceaptha ag NTFSIL mar fho-thaisceánach domhanda. Is ionann NTFSIL agus TNTC araon agus fochuideachtaí faoi úinéireacht iomlán Northern Trust Corporation (“NTC”). Amhail an 30 Meán Fómhair 2025 bhí rátáil creidmheasa fhadtéarmach A+ ag Northern Trust Corporation ó Standard & Poor (30 Meán Fómhair 2024: Northern Trust Corporation: A+).

Ní ceapann TNTC (mar fheighlí domhanda de NTFSIL) fo-thaisceánaigh seachtracha laistigh de SAM, an RA, Éire, Ceanada, an Bheilg, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ísiltír, agus an Araib Shádach. Mar sin féin, i ngach margadh eile, ceapann TNTC fo-thaisceánaigh seachtracha áitiúla.

Fíoraíonn NTFSIL, agus a dhualgais taiscí á gcomhlíonadh aige, úinéireacht an Fho-Chiste ar Shócmhainn Eile, (mar a shainítear in Airteagal 21 (8) (b) de Threoir 2011/61/AE), trí mheasúnú a dhéanamh an bhfuil an úinéireacht ag an bhFo-Chiste bunaithe ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid arna soláthar ag an bhFo-Chiste nó nuair atá sé ar fáil, ar fhianaise sheachtrach.

Agus a chuid dualgas mar thaisceánach tarmligthe á gcur chun feidhme aige, coimeádann TNTC (i) na hionstraimí airgeadais uile ar féidir iad a chlárú i gcuntas ionstraimí airgeadais arna oscail ar leabhair TNTC agus (ii) ionstraimí airgeadais uile ar féidir iad a sheachadadh go fisiciúil do TNTC. Cinntíonn TNTC go gcoimeádtar na hionstraimí airgeadais uile (arna gcoimeád i gcuntas ionstraimí airgeadais ar leabhair TNTC) i gcuntais scartha in ainm an Fhochiste, agus iad in-aitheanta go soiléir mar faoi úinéireacht an Fhochiste, agus iad soiléir agus ar leith ó shócmhainní dílsithe TNTC, NTFSIL agus NTC.

Sa bhreis air sin, mar bhaincéir, coinníonn TNTC airgead tirim an Fho-Chiste ar thaisce. Coinnítear a leithéid d'airgead tirim ar Ráiteas ar Staid an Airgeadais TNTC. I gcás dócmhainneacht TNTC, de réir an chleachtais bhaincéireachta chaighdeánaigh, beidh an Fochiste rangaithe mar chreidiúnaí neamhurráithe TNTC maidir le haon cheanna de na taiscí airgid thirim.

I gcás inarb ábhartha tabhair faoi deara na hairgeadraí seo a leanas, Jordanian Dinar, Saudi Riyal, airgead tirim i margadh na Síne ar tír mór (go príomha airgeadra Yuan Renminbi na Síne, agus aon airgeadraí eile a chuirtear isteach i gcuntais i margadh na Síne ar tír mór), nach bhfuil ar fáil a thuilleadh ar an gClár Comhardaithe TNTC. Maidir leis na hairgeadraí seach-leabhair seo, tá nochtadh airgid cliant díreach chuig an bhfo-thaisceánach áitiúil / institiúid airgeadais ábhartha sa mhargadh.

D'fhéadfadh dócmhainneacht TNTC nó aon cheann de na gníomhairí nó cleamhnaithe dá chuid bheith ina cúis le moilliú maidir le cearta an Fho-chiste i leith na sócmhainní dá chuid.

Bainistíonn an Bainisteoir Infheistíochta riosca trí mhonatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht creidmheasa agus staid airgeadais an Taisceánaigh agus déantar bainistíocht bhreise ar a leithéid de riosca trí mhonatóireacht ag an Taisceánach ar cháilíocht creidmheasa agus staid airgeadais maidir le ceapachán na bhfo-thaisceánach.

(e) **Riosca Leachtachta**

Is éard is riosca leachtachta ann ná an riosca go mbeidh deacracht ag eintiteas oibleagáidí a bhaineann le dlíteanais airgeadais a shocraítear trí airgead tirim nó sócmhainní airgeadais eile a sheachadadh a chomhlíonadh.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2025, nochtar na Fo-Chistí go hindíreach do na rioscaí leachtachta céanna leis na Fo-Chistí ina n-infheistítear iad.

Infheistítear sócmhainní na gcistí bunúsacha sna hinfeistíochtaí a thrádáiltear i margadh gníomhach, agus is féidir iad a dhiúscairt go réidh.

Tá na Fo-Chistí teoranta do dhéileáil sheachtainiúil agus infheistíocht a dhéanamh i gcistí atá faoi lé déileála seachtainiúla iad féin. Fuascailt na n-aonad infhuascailte sna Fo-chistí agus sna Fo-chistí ina n-infheistítear iad; bíonn siad iníoctha laistigh de 3 lá gnó ón lá trádála ar a dtarlaíonn an fuascailt.

Ba ar na cúiseanna sin a mheas an Bainisteoir Infheistíochta an riosca go rachaidh easpa leachtachta i bhfeidhm ar na Fochistí de bheith íseal.

Athbhreithníonn an Bainisteoir Infheistíochta seasamh leachtachta reatha agus amach anseo na bhFochistí ar bhonn laethúil, agus cinntíonn go ngintear airgead ar bith a theastaíonn chun socrú na n-iaratas fuascailte a shásamh de réir mar is cuí.

11. GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AR SHÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

AR LUACH CÓIR TRÍ BHRABÚS NÓ TRÍ CHAILLTEANAS	30/09/2025	30/09/2024
	€	€
Gnóthachain réadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas arna ndiúscairt le linn na bliana	52,580,894	39,350,621
Lúide:		
Cáin scoir (i)/(ii)	(17,308,426)	(14,503,134)
Tobhach frithchaolúcháin agus coimisiún na mbróicéirí (iii)	(7,117)	(3,303)
Glanghnóthachan réadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir arna ndiúscairt le linn na bliana	<u>35,265,351</u>	<u>24,844,184</u>

- (i) Faoin dlí agus faoi chleachtas reatha cáilítear an tlonatobhas mar ghnóthas infheistíochta de réir mar atá sainithe in Alt 739B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna leasú. Níl sé inmhuirearaithe i leith cháin na hÉireann ar a chuid ioncaim nó gnóthachan caipitil.
- (ii) Tugtar údarú don tSeirbhís Chúirteanna leis an Acht Airgeadais 2003 chun asbhaint ag an bhfoinse agus chun cuntaisíocht do chánacha scoir ó dhiúscairt infheistíochtaí sna cistí aonadaithe faoi ghníomhas lontaobhais arna bhunú ag SSIM. Ríomhtar an cháin ag an ráta 41% i gcomhréir leis an Acht Airgeadais agus is iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim.
- (iii) Gearrann an Bainisteoir Ciste na tobhaigh frithchaolúcháin ar shíntiúis agus ar fhuascailtí ó na cistí aonadaithe. Is éard is tobhach frithchaolúcháin ann ná leithdháileadh de chostais trádála an Chiste ar na hinfeistíochtaí. Úsáidtear é chun mórchuid na n-infeisteoirí a chosaint ó na costais a bhaineann le trádáil ag mionlach éigin.

12. GLANATHRÚ AR GHNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE AR SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AR LUACH CÓIR	30/09/2025	30/09/2024
	€	€
Athrú ar ghnóthachain neamhréadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas i rith na bliana	34,099,428	92,646,009
Lúide:		
Táillí bainistíochta infheistíochta (Nóta 4.2)	(1,534,109)	(1,666,341)
Táillí ilghnéitheacha do chistí bainistithe (Nóta 4.2) & (i)	(1,056,893)	(1,661,727)
Tobhach frithchaolúcháin agus coimisiún na mbróicéirí (ii)	(5,317)	(8,137)
Glanathrú ar ghnóthachain neamhréadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir	<u>31,503,109</u>	<u>89,309,804</u>

- (i) Áirítear leis na táillí sin muirir d'idirbhearta, táillí iniúchóireachta, táillí slánchoimeádta, táillí gairmiúla eile, táillí iontaobhaithe agus ús bainc.
- (ii) Gearrann an Bainisteoir Ciste na tobhaigh frithchaolúcháin ar shíntiúis agus ar fhuascailtí ó na cistí aonadaithe.

13. GLANGHNÓTHACHAN RÉADAITHE AR AISTRIÚ SÓCMHAINNÍ	30/09/2025	30/09/2024
	€	€
Glanghnóthachain ar aistrithe amach i rithe na bliana	<u>793,401</u>	<u>-</u>

D'eascair na glanghnóthachain sin ar aistriú gnáthscaireanna amach as cumhdach na Cúirte, a bhí in ainm Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais. Tugadh na gnáthscaireanna sin isteach sa chúirt i dtosach báire nuair a ceapadh duine ina Choimirce Chúirte, agus taifeadtar iad sna cuntais ag a luach margaidh an tráth sin. Is ionann na glanghnóthachain agus glanmhéadú ar luach na gnáthscaireanna ag an am a aistríodh na gnáthscaireanna amach as an gCúirt, mar a ordaítear le hordú Cúirte.

14. IONCAM INFHEISTÍOCHTA	30/09/2025	30/09/2024
	€	€
Ús taisce	3,963	2,113
Díbhinní	77,907	93,876
Ús ar infheistíochtaí eile	-	255
	<u>81,870</u>	<u>96,244</u>

Taispeántar ioncam infheistíochta glan ar cháin shiarchoinneálach.

15. SPEANSAIS	30/09/2025	30/09/2024
	€	€
Táillí cúirte (Nóta 4.1)	1,868,436	1,966,766
Táillí bainc agus ús diúltach	3,832	5,527
	<u>1,872,268</u>	<u>1,972,293</u>

16 TOMHAS CÓIRLUACHA

Tá Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais tar éis glacadh le FRS 102. Ní foláir d'Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais dá réir sin na hionstraimí airgeadais arna dtomhas a aicmiú ag luach cóir isteach san ordlathas seo a leanas:

- Leibhéal 1 - Praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha i leith sócmhainní nó dliteanas comhchosúla
- Leibhéal 2 - Ionchur seachas praghsanna luaite a áirítear laistigh de leibhéal 1 arb infheicthe iad don tsócmhainn nó don dliteanas, go díreach (is é sin mar phraghsanna) nó go hindíreach (is é sin díorthaithe ó phraghsanna).
- Leibhéal 3 - Ionchur don tsócmhainn nó don dliteanas nach mbíonn bunaithe ar shonraí margaidh infheicthe (is é sin ionchur dofheicthe).

B'ionann sealúchais na gCistí SSGA an 30 Meán Fómhair 2025 agus an 30 Meán Fómhair 2024 agus infheistíochtaí i réimse Fo-Chistí d'Iontaobhas Oll-aonad Cuachta SSGA agus cistí infheistíochta eile nach iad. Aicmíodh na hinfeistíochtaí seo mar Leibhéal 2, cé is moite de na ETFanna atá i seilbh an Chiste Éagsúlaithe Measartha State Street Spectrum. Aicmíodh na ETFanna, le luach cothrom €21,114,396 (30 Meán Fómhair 2024: €15,890,056) mar Leibhéal 1. Ní raibh aon ghluaiseachtaí idir leibhéil sa bhliain reatha.

16. TOMHAS CÓIRLUACHA (AR LEAN)

Déantar anailís sa tábla seo a leanas laistigh den ordlathas cóirluacha ar shócmhainní agus dlíteanais airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais (de réir aicme) arna dtomhas ar luach cóir an 30 Meán Fómhair 2025:

	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Iomlán
	€	€	€	€
Infheistíochtaí				
- Cistí Aonadaithe SSIM	21,114,396	2,369,297,066	-	2,390,411,462
- Gnáthscaireanna	3,702,431	-	-	3,702,431
- Cuntais taisce	7,316,110	-	-	7,316,110
- Teastais Choigiltis An Post	22,772	-	-	22,772
- Polasaithe árachais	-	-	276,273	276,273
Iomlán	32,155,709	2,369,297,066	276,273	2,401,729,048

Déantar anailís sa tábla seo a leanas laistigh den ordlathas luacha chóir ar shócmhainní agus dlíteanais airgeadais Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais (de réir aicme) arna dtomhas ar luach cóir an 30 Meán Fómhair 2024:

	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Iomlán
	€	€	€	€
Infheistíochtaí				
- Cistí Aonadaithe SSIM	15,890,056	2,429,737,859	-	2,445,627,915
- Cistí bainistithe	-	2,629,091	-	2,629,091
- Gnáthscaireanna	3,309,406	-	-	3,309,406
- Cuntais taisce	7,011,053	-	-	7,011,053
- Teastais Choigiltis An Post	37,873	-	-	37,873
- Polasaithe árachais	-	-	272,585	272,585
Iomlán	26,248,388	2,432,366,950	272,585	2,458,887,923

Baineann infheistíochtaí Leibhéal 3 le hinfeistíochtaí a choinnítear i bpolasaithe árachais nach luaitear ar mhalartán nó nach ndéantar a thrádáil go gníomhach. In éagmais aon fhaisnéise margaidh tá luacháil déanta ag an gCuntasóir ar na hinfeistíochtaí seo bunaithe ar luachanna a sholáthraíonn an chuideachta árachais. Creideann an Cuntasóir go neasann sé seo an luach cóir, agus nach mbeadh coigeartú ábhartha ar na ráitis airgeadais mar thoradh ar aon choigeartú a theastaíonn chun na hinfeistíochtaí sin a luacháil ar luach cóir.

Áirítear sa tábla seo a leanas na méideanna don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2025 a réiteach le haghaidh ionstraimí airgeadais a aicmítear laistigh de Leibhéal 3. Tá aicmiú ionstraime airgeadais laistigh de Leibhéal 3 bunaithe ar thábhacht na n-ionchur dobhraite don tomhas foriomlán ar luach cóir.

16. TOMHAS CÓIRLUACHA (AR LEAN)

Polasaithe Árachais	€
larmhéid tosaigh	272,585
Aistriú Amach / Ina Airgead	-
Gluaiseacht ar ghlan-luachmhéadú neamhréadaithe	3,688
larmhéid deiridh 30 Meán Fómhair 2025	276,273

Ní dhearnadh aon aistrithe idir leibhéil i rith na bliana.

Áirítear sa tábla seo a leanas réiteach na méideanna don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2024 i gcás ionstraimí airgeadais a aicmítear laistigh de Leibhéal 3. Tá aicmiú ionstraime airgeadais laistigh de Leibhéal 3 bunaithe ar thábhacht na n-ionchur dobhraite don tomhas foriomlán ar luach cóir.

Polasaithe Árachais	€
larmhéid tosaigh	418,808
Aistriú Amach / Ina Airgead	(157,301)
Gluaiseacht ar ghlan-luachmhéadú neamhréadaithe	11,078
larmhéid deiridh 30 Meán Fómhair 2024	272,585

Is iad na glanghnóthachain neamhréadaithe a bhaineann le polasaithe árachais atá fós i seilbh an 30 Meán Fómhair 2025 ná €171,612 (2024: €167,923).

17. INFHEISTÍOCHTAÍ I GCOMHSCÉIMEANNA INFHEISTÍOCHTA

Léirítear sa tábla thíos infheistiú na bhFochistí sna Comh-Scéimeanna Infheistíochta bunaidh.

An Bun-Chiste	Sainchónaí	Stádas Rialála	Bainisteoir Infheistíochta	TER*
Ciste Euribor Plus State Street Spectrum				
Ciste VNAV Caighdeán Leachtachta State Street EUR	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.05% (TER lena nÁirítear bainistíocht Agus caiteachas eile) 0.02% (Costais Idirbheart)
Ciste Airgid agus Banna Gearrthéarmach State Street Spectrum				
Ciste Innéacs Bannaí State Street GRU EMU	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.06% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta Agus caiteachas eile) 0.03% (Costais Idirbheart)

17. INFHEISTÍOCHTAÍ I gCOMHSCÉIMEANNA INFHEISTÍOCHTA (ar lean)

An Bun-Chiste	Sainchónaí	Stádas Rialála	Bainisteoir Infheistíochta	TER*
Ciste Airgid agus Banna Gearrthéarmach State Street Spectrum				
Ciste VNAV Caighdeán Leachtachta State Street EUR	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.05% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta agus caiteachas eile) 0.02% (Costais Idirbheart)
Ciste Éagsúlaithe State Street Spectrum				
Ciste Innéacs Bannaí State Street GRU EMU	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.06% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta Agus caiteachas eile) 0.03% (Costais Idirbheart)
Ciste VNAV Caighdeán Leachtachta State Street EUR	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.05% (TER lena n-áirítear Caiteachas bainistíochta Agus caiteachas eile) 0.02% (Costais Idirbheart)
Ciste Cothromais Innéacs State Street Euro GRU	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.15% (TER lena n-Áirítear caiteachas bainistíochta Agus caiteachas eile) 0.03% (Costais Idirbheart)
Ciste Cothromais Innéacs State Street GRU World Ex Euro	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.06% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta Agus caiteachas eile) 0.01% (Costais Idirbheart)
Ciste Comhardaithe Measartha State Street Spectrum				
Ciste Innéacs Bannaí State Street GRU EMU	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.06% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta Agus caiteachas eile) 0.03% (Costais Idirbheart)
Ciste VNAV Caighdeán Leachtachta State Street EUR	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.05% (TER lena n-Áirítear bainistíocht Agus caiteachas eile) 0.02% (Costais Idirbheart)
Ciste Cothromais Innéacs State Street Euro GRU	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.15% (TER lena n-Áirítear caiteachas bainistíochta Agus caiteachas eile) 0.03% (Costais Idirbheart)
Ciste Cothromais Innéacs State Street GRU World Ex Euro	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.06% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta Agus caiteachas eile) 0.01% (Costais Idirbheart)

17. INFHEISTÍOCHTAÍ I gCOMHSCÉIMEANNA INFHEISTÍOCHTA (ar lean)

An Bun-Chiste	Sainchónaí	Stádas Rialála	Bainisteoir Infheistíochta	TER*
Ciste Éagsúlaithe Measartha State Street Spectrum				
L&G Dátaithe Níos faide Gach Tráchtearra UCITS ETF	Éire	UCITS	Go ETF Solutions LLP	0.30% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta agus caiteachas eile)
SPDR Dow Jones Global Real Estate UCITS ETF	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.40% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta agus caiteachas eile) 0.01% (Costais Idirbheart)
SPDR Morningstar Multi-Asset Global Infrastructure UCITS ETF	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.40% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta agus caiteachas eile) 0.01% (Costais Idirbheart)
Ciste Innéacs Bannaí Rialtais Airgeadra Áitiúil Margaí Éiritheacha State Street	Lucsamburg	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.06% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta agus caiteachas eile)
Ciste Innéacs Scagtha Bannaí Corparáideacha Euro ESG State Street	Lucsamburg	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.04% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta agus caiteachas eile) 0.05% (Costais Idirbheart)
Ciste Leithdháilte Plus Sócmhainní Solúbtha State Street	Lucsamburg	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.10% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta agus caiteachas eile) 0.20% (Costais Idirbheart)
Ciste Innéacs Scagtha ESG Bannaí Ardtoraidh State Street Global	Lucsamburg	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.11% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta agus caiteachas eile)
Ciste VNAV Caighdeán Leachtachta State Street EUR	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.05% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta agus caiteachas eile) 0.02% (Costais Idirbheart)
Ciste Cothromais Innéacs State Street Euro GRU	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.15% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta agus caiteachas eile) 0.03% (Costais Idirbheart)
Ciste Cothromais Innéacs State Street GRU World Ex Euro	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.06% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta agus caiteachas eile) 0.01% (Costais Idirbheart)

An Bun-Chiste	Sainchónaí	Stádas Rialála	Bainisteoir Infheistíochta	TER*
Ciste Innéacs Bannaí Rialtais Airgeadra Margaí Éiritheacha State Street Lucsamburg SICAV	Lucsamburg	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.04% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta agus caiteachas eile)
Ciste Béite Malartach State Street Global	Éire	UCITS	State Street Global Advisors Europe Limited	0.36% (TER lena n-áirítear caiteachas bainistíochta agus caiteachas eile) 0.10% (Costais Idirbheart)

* Is féidir leis na Cistí infheistiú a dhéanamh i gcomhscéimeanna infheistíochta lena dtabhaítear costais, arna léiriú ag a gcóimheasa caiteachais iomláin. D'fhéadfadh na cóimheasa sin a bheith faoi réir ag athrú tréimhsiúil.

18.

IMEACHTAÍ IAR-CHLÁIR COMHARDAITHE

Ní raibh aon imeachtaí ábhartha iar-chláir chomhardaithe, rud a d'éileodh athbhreithniú ar na figiúirí nó nochtadh sna ráitis airgeadais.
19.

TRÉIMHSE CHOMPARÁIDEACH

Clúdaíonn an fhaisnéis chomparáideach an bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2024.
20.

RÁITIS AIRGEADAIS A CHEADÚ

D'údaraigh Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais na ráitis airgeadais a eisiúint an 16 Feabhra 2026.

FAISNÉIS FHORLÍONTACH

(NACH gCLÚDAÍTEAR I dTUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH)

CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE

RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS AMHAIL
AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2025

	30/09/2025 €	30/09/2024 €
Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	2,188,328,467	2,238,909,616
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	26,446,991	25,251,218
Airgead tirim agus coibhéisi airgid thirim	17,865,325	17,480,264
SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA	44,312,316	42,731,482
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	(3,609,035)	(6,069,902)
DLITEANAIS IOMLÁNA	(3,609,035)	(6,069,902)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	40,703,281	36,661,580
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA	2,229,031,748	2,275,571,196
ARNA nIONADÚ AG:		
Cistí faoi sheilbh do thairbhithé ag deireadh na bliana	2,229,031,748	2,275,571,196

CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2025

	30/09/2025 €	30/09/2024 €
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanghnóthachain réadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	33,077,781	23,813,509
Glanghluaiseacht i ngnóthachain neamhréadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	27,912,952	76,402,511
Gnóthachain réadaithe ar aistrithe amach i rith na bliana	793,401	-
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE	61,784,134	100,216,020
Ioncam infheistíochta	80,972	95,692
	61,865,106	100,311,712
Speansais	(1,872,268)	(1,972,293)
MÉADÚ AR GHLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	59,992,838	98,339,419

CISTÍ NA hARD-CHÚIRTE

RÁITEAS UM ATHRUITHE SNA
GLANSÓCMHAINNÍ DON BHLIAIN
DAR CRÍOCH 30TH MEÁN FÓMHAIR 2025

	30/09/2025	30/09/2024
	€	€
MÉADÚ UM GHLAN-SÓCMHAINNÍ AG ÉIRÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam infheistíochta lúide caiteachais	(1,791,296)	(1,876,601)
Glanghnóthachain réadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	33,077,781	23,813,509
Glanghnóthachain neamhréadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	27,912,952	76,402,511
Gnóthachain réadaithe ar aistrithe amach i rith na bliana	793,401	-
MÉADÚ AR GHLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	59,992,838	98,339,419
IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA		
Fáltais	157,377,478	150,601,655
Eisíocaíochtaí	(263,909,764)	(244,377,634)
MÉADÚ AR GHLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA	(106,532,286)	(93,775,979)
(Laghdú) / Méadú ar ghlangsócmhainní	(46,539,448)	4,563,440
Glangsócmhainní ag tús na bliana	2,275,571,196	2,271,007,756
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	2,229,031,748	2,275,571,196

CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA

RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS AMHAIL 30 MEÁN FÓMHAIR 2025

	30/09/2025 €	30/09/2024 €
Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	176,684,148	183,764,197
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	1,669,433	1,839,237
Airgead tirim agus coibhéisi airgid thirim	2,186,063	1,512,387
SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA	3,855,496	3,351,624
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	(425,614)	(185,157)
DLITEANAIS IOMLÁNA	(425,614)	(185,157)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	3,429,882	3,166,467
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA	180,114,030	186,930,664
ARNA nIONADÚ AG:		
Cistí faoi sheilbh do thairbhíthe ag deireadh na bliana	180,114,030	186,930,664

CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH DON
BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2025

	30/09/2025	30/09/2024
	€	€
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanghnóthachain réadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	1,957,703	931,791
Glanghluaiseacht sna gnóthachain neamhréadaithe ar shócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	2,698,385	10,526,502
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE	4,656,088	11,458,293
Ioncam infheistíochta	872	545
MÉADÚ AR GHLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	4,656,960	11,458,838

CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA

RÁITEAS AR ATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2025

	30/09/2025 €	30/09/2024 €
MÉADÚ UM GHLAN-SÓCMHAINNÍ AG ÉIRÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam infheistíochta lúide caiteachais	872	545
Glanghnóthachain réadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	1,957,703	931,791
Glanghnóthachain neamhréadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas	2,698,385	10,526,502
MÉADÚ AR GHLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	4,656,960	11,458,838
IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA		
Fáltais	13,279,666	12,564,459
Eisíocaíochtaí	(24,753,260)	(18,660,600)
MÉADÚ AR GHLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA	(11,473,594)	(6,096,141)
(Laghdú) / Méadú ar ghlansócmhainní	(6,816,634)	5,362,697
Glansócmhainní ag tús na bliana	186,930,664	181,567,967
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	180,114,030	186,930,664

CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS
AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2025

	30/09/2025 €	30/09/2024 €
Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	36,716,433	36,214,110
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	351,327	342,967
Airgead tirim agus coibhéisi airgid thirim	302,823	181,136
SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA	654,150	524,103
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe	(60,325)	(23,092)
DLITEANAIS IOMLÁNA	(60,325)	(23,092)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	593,825	501,011
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA	37,310,258	36,715,121
ARNA nIONADÚ AG:		
Cistí faoi sheilbh do thairbhithé ag deireadh na bliana	37,310,258	36,715,121

CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH DON
BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2025

	30/09/2025	30/09/2024
	€	€
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE		
Glanghnóthachain réadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	229,867	98,884
Glanghluaiseacht sna gnóthachain neamhréadaithe ar shócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	891,772	2,380,791
GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE	1,121,639	2,479,675
Ioncam infheistíochta	26	7
MÉADÚ AR GHLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	1,121,665	2,479,682

CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

RÁITEAS AR ATHRUITHE AR
GHLANSÓCMHAINNÍ DON BHLIAIN
DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2025

	30/09/2025	30/09/2024
	€	€
MÉADÚ AR GHLANSÓCMHAINNÍ AG ÉIRÍ AS OIBRÍOCHTAÍ		
Ioncam infheistíochta lúide caiteachais	26	7
Glanghnóthachain réadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	229,867	98,884
Glanghnóthachain neamhréadaithe ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas	891,772	2,380,791
MÉADÚ AR GHLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ	1,121,665	2,479,682
IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA		
Fáltais	3,100,021	2,552,559
Eisíocaíochtaí	(3,626,549)	(2,650,999)
MÉADÚ AR GHLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA	(526,528)	(98,440)
Méadú ar ghlansócmhainní	595,137	2,381,242
Glansócmhainní ag tús na bliana	36,715,121	34,333,879
GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA	37,310,258	36,715,121

